Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS

# 2017

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Tuarascáil ar Oibríochtaí de bhun Alt 22(3) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 | 1 |
| 1.1. | Ráiteas an Rialálaí | 2 |
| 1.2. | Foireann Bhainistíochta | 3 |
| 1.3. | Feidhmeanna an Rialálaí | 4 |
| 1.4. | Maoirseacht ar an Oibreoir | 5 |
| | *1.4.1 Oibríochtaí agus Cistí an Chrannchuir Náisiúnta ar Chúiseanna Maithe* | *8* |
| | *1.4.2 Cosaint Imreoirí* | *9* |
| | *1.4.3 Cumarsáid agus Fógraíocht Fhreagrach* | *11* |
| | *1.4.4 Gearáin a Fuarthas* | *11* |
| | *1.4.5 Athbhreithnithe Téamúla Comhlíonta* | *12* |
| | *1.4.6 Forfheidhmiú* | *12* |
| 1.5. | Iarrataí Rialála faoin Acht agus an Ceadúnas | 14 |
| 1.6. | Ciste an Chrannchuir Náisiúnta | 16 |
| 1.7. | Forfheidhmiú Trádmharcanna | 18 |
| 1.8. | Gnóthaí Corparáideacha | 19 |
| | *1.8.1 Straitéis* | *19* |
| | *1.8.2 Rialachas Corparáideach* | *20* |
| | *1.8.3 Acmhainní agus Soláthar Foirne* | *20* |
| | *1.8.4 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais* | *21* |
| | *1.8.5 Iniúchóireacht Inmheánach* | *21* |
| | *1.8.6 Bainistíocht Riosca* | *21* |
| | *1.8.7 Ceanglais Reachtaíochta* | *21* |
| Aguisín A: Caighdeáin Feidhmíochta PLI | | 23 |
| Aguisín B: Tuarascálacha Rialta a fuarthas ón Oibreoir | | 24 |
| Aguisín C: Iarrataí ar Fhaomhadh nó Toiliú faoin gCeadúnas | | 25 |
| 2. | Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta<br>- Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun Alt 22(2) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 | 27 |
| 3. | Ciste an Chrannchuir Náisiúnta<br>- Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de bhun Alt 44(4) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. | 49 |

# 1.1 Ráiteas an Rialálaí



**Ms Carol Boate**
*Regulator of the National Lottery*

I gcomhréir le hAilt 22 agus 24 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, is deas liom Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017.

Tá méadú tagtha ar an tsuim a aistrítear chun tacú le Cúiseanna Maithe gach bliain ó deonaíodh tosach an Cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú ar Premier Lotteries Ireland ("an tOibreoir") in 2014. In 2017, aistríodh €226.8 milliún ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chun tacú le Cúiseanna Maithe.

Ba bhliain é 2017 inar thit go leor athrú amach ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. D'éirigh an chéad rialálaí, an tUasal Liam Sloyan, as an 3 Bealtaine 2017, chun glacadh le post POF an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus chuir mé tús mar Rialálaí an 9 Deireadh Fómhair 2017. I dturas na tréimhse, thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi fheidhmeanna an Rialálaí, faoi mar a cheanglaítear sa reachtaíocht. Táim buíoch den Aire agus a oifigigh dá rannchuidiú i rith na tréimhse seo.

Lean na meicníochtaí maoirseachta a chuir Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta i bhfeidhm le comhlíonadh ag an Oibreoir a chinntiú ag teacht chun cinn in 2017. Cuirtear an fhaisnéis a bhainimid ónár gníomhaíochtaí monatóireachta le mo chumhachtaí faoin Acht chun Crannchur Náisiúnta sábháilte agus inbhuanaithe agus a reáchtáiltear i gceart a chinntiú.

Tugadh faoi deara na chéad torthaí ar sháruithe ar an gCeadúnas in 2017. Faoi mar a ndéantar tagairt dó i dTuarascáil Bhliantúil 2016 an Rialálaí, d'eascair imscrúdú foirmiúil in 2016 as ár n-anailís ar shonraí imeartha ar líne. I ndiaidh an imscrúdaithe seo, deimhníodh gur sháraigh an tOibreoir téarmaí an Cheadúnais in 2017 maidir le himreoirí a roghnaigh chun iad féin a eisiamh ó imirt ar líne. Ar leith uaidh sin, thángamar ar shárú maidir leis an gCód Cleachtais Fógraíochta agus Promóisin mar thoradh ar an monatóireacht rialta a dhéanaimid ar chumarsáid margaíochta an Oibreora in 2017.

De bhun na dtorthaí seo, d'eisigh an Rialaitheoir treoracha don Oibreoir agus chuir an tOibreoir feabhas ar a rialuithe ar chuntais féineisiaimh agus d'aistarraing sé an fógra neamhchomhlíontach.

Chuir an Oifig roinnt athbhreithnithe téamúla i gcrích ar oibríochtaí an Chrannchuir Náisiúnta in 2017, go sonrach i limistéir úsáid meán sóisialta, aclaíochta agus mhacántachta, agus trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a úsáid. Rinne an Oifig monatóireacht, chomh maith, ar dhul chun cinn feabhsúchán ar bhearta cosanta imreora an Oibreora.

An 7 Márta 2017, rinne an rialaitheoir cur i láthair do agus chuaigh sé i ngleic le ceisteanna ó Chomhchoiste Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Oireachtais agus ón Taoiseach.

Ba mhaith liom obair agus tiomantas mo chomhghleacaithe in Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a aithint i dtaca leis an mbliain 2017, agus go háirithe i dtaca leis an tréimhse aistrithe i rith athrú an Rialálaí. Aithním agus gabhaim buíochas, chomh maith, leis an Aire Paschal Donohoe agus oifigigh na Roinne as an tacaíocht agus cúnamh a thug siad sa tréimhse sin agus i gcaitheamh na bliana.

Ar deireadh, is deas liom mo bhuíochas a chur in iúl do thiomantas agus ardchaighdeáin an iar-Rialálaí, Liam Sloyan, i mbunú agus forbairt na hOifige seo.



Carol Boate

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

# 1.2 Foireann Bhainistíochta

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 agus cheap an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an chéad Rialálaí, Liam Sloyan, an 17 Samhain 2014 agus chuaigh sé ar scor ina dhiaidh sin an 3 Bealtaine 2017 chun glacadh le ról POF an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála. Thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi fheidhmeanna an Rialálaí sa tréimhse ón 4 Bealtaine 2017 go dtí an 8 Deireadh Fómhair 2017. Ceapadh Carol Boate mar Rialálaí, le héifeacht ón 9 Deireadh Fómhair 2017. Ba iad an Rialálaí agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí an 31 Nollaig 2017:



### Ms Carol Boate

*Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta*

Abhcóidí agus cleachtóir taithíoch na dea-rialála í Ms Boate ar mhaithe le tomhaltóirí agus an geilleagar. Tá B.A. bainte amach aici san Eacnamaíocht ó Choláiste na Tríonóide agus M.Sc. san Eacnamaíocht ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath chomh maith le dioplómaí iarchéime i nDlí na hIomaíochta agus Rialachas Rialála an Choimisiúin Eorpaigh. Sular ceapadh í mar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, ba Stiúrthóir í Ms Boate ar Sheirbhísí Corparáideacha agus, roimhe sin, ba Stiúrthóir Rialála agus Idirchaidrimh Gnó í ag gCoimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Roimhe sin, d'oibrigh sí ag an Údarás Iomaíochta go príomha i dtaobh cumaisc agus eadálacha a rialáil agus ag tacú le hathruithe ar dhlíthe agus rialacháin a chuireann bac le hiomaíocht éifeachtach.



### Ms Suzanne Lambe

*Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha*

Ball is ea Ms Lambe ar Chuntasóirí Cairte Poiblí na hÉireann agus tá Teastas Iarchéime aici i mBainistíocht Tionscadal. Tá taithí breis agus 10 mbliana aici in airgeadas, cuntasaíocht agus iniúchóireacht san earnáil phoiblí. Sular oibrigh sí le Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, b'Oifigeach Airgeadais í Ms Lambe leis an gComhairle Múinteoireachta, an comhlacht rialála do mhúinteoirí. Roimhe sin, bhí roinnt post aici in airgeadas, cuntasaíocht agus riarachán laistigh den earnáil phríobháideach. [D'éirigh Ms Lambe as i Márta 2018]



### An tUasal Cian O'Sullivan

*Ceann Dlí agus Comhlíonta*

Is ball an tUasal O'Sullivan de Dhlí-Chumann na hÉireann i ndiaidh dó a cháilíocht a bhaint amach mar aturnae in 2001. Tá Baitsiléir sa Dlí Sibhialta agus Céimeanna Máistreachta sa Dlí bainte amach aige, chomh maith le dioplómaí cáilíochta a bhronn Dlí-Chumann na hÉireann, an Institiúid Cánachais in Éirinn agus an Cumann Árachais Saoil air. Sular ceapadh é mar Cheann Dlí agus Comhlíonta, ghníomhaigh sé mar chigire le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Roimhe sin, d'oibrigh sé sa dlí agus comhlíonadh i gcomhlacht árachais mór agus i bpríomhghnóthas dlí.



### An tUasal Derek Donohoe

*Leas-Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta / Ceann na hIniúchóireachta agus Airgeadais*

Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann is ea an tUasal Donohoe agus tá Dioplóma bainte amach aige sa Chuntasaíocht Fhóiréinseach. Tá taithí níos mó ná 30 bliain aige i gcuntasíocht agus iniúchadh. Iarpháirtí é i bpríomhchleachtas cuntasaíochta Éireannach agus tá taithí nach beag aige sna limistéir seo a leanas: iniúchóireacht, tuairisciú airgeadais, cuntasaíocht fhóiréinseach, rialachas corparáideach, athbhreithnithe comhlíonta agus díchill chuí. Chuir sé seirbhísí iniúchóireachta agus comhlíonta ar fáil do phunann aonáin rialáilte san earnáil airgeadais ar feadh go leor blianta.



### Ms Siobhan Phillips

*Ceann um Chosaint agus Taighde ar Imreoirí*

Síceolaí Cláraithe le Cumann Síceolaithe na hÉireann is ea Ms Phillips agus tá M.Sc., H.Dip agus BA (onóracha) bainte amach aici sa tSíceolaíocht. Sular thosaigh sí ag oibriú le Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, ba Cheann í ar Infreastruchtúr Taighde agus Meastóireacht ag Fondúireacht Eolaíochta na hEorpa. Bhí gairm bheatha fhada aici i dtaighde agus meastóireacht beartais phoiblí mar chomhairleoir agus speisialtóir meastóireachta agus tá an-chuid tuarascálacha foilsithe aici in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ceann Aonad Meastóireachta Tionscail Chistí Struchtúrtha an AE ab ea í ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le roinnt blianta agus ba Mheastóir í do Chiste Sóisialta na hEorpa, chomh maith.



### An tUasal David Scott

*Cuntasóir*

Ball den Institiúid Chairte um Airgeadas agus Cuntasaíocht Phoiblí is ea an tUasal Scott agus tá céim Bhaitsiléara Eolaíochta aige sa Mhatamaitic. Tá breis agus 20 bliain taithí aige in airgeadas, cuntasaíocht agus iniúchóireacht. Sular thosaigh sé ag oibriú le Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, ba Bhainisteoir Airgeadais agus Riaracháin é an tUasal Scott leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus aonáin a dtugtar cistiú deontais dóibh á rialú. Roimhe sin, bhí poist aige sna hearnálacha oideachais tríú leibhéil agus rialtais áitiúil in Éirinn agus sa RA.

# 1.3 Feidhmeanna an Rialálaí

***Crannchur Náisiúnta atá sábháilte, inbhuanaithe, a reáchtáiltear i gceart agus a dhéanann cistí do chúiseanna maithe a uasmhéadú***

Is é fís Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta Crannchur Náisiúnta atá sábháilte, inbhuanaithe, a reáchtáiltear i gceart agus a dhéanann cistí do chúiseanna maithe a uasmhéadú. Forordaítear feidhmeanna an Rialálaí a thacaíonn leis an bhfís seo san Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 agus áirítear leo an méid seo a leanas:

1. Cur ar bun an Chrannchuir Náisiúnta a sholáthar.
2. Oibriú an Chrannchuir Náisiúnta a mhaoirsiú agus monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta agus an Cheadúnais ag an Oibreoir.
3. Breithniú a dhéanamh ar roinnt ceisteanna a fhaomhadh a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta (scéimeanna san áireamh do chluichí an Chrannchuir Náisiúnta).
4. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú.
5. Cearta forfheidhmithe aon trádmhairc de chuid an Chrannchuir Náisiúnta a fhorfheidhmiú.

Ní mór don Rialálaí na feidhmeanna seo a chomhlíonadh ar an modh sin is dóchúla a chinnteoidh an méid seo a leanas:

a. go reáchtáiltear an Crannchur Náisiúnta de réir an ghnáis chirt
b. go dtugtar cosaint do leasa rannpháirtithe an Chrannchuir Náisiúnta
c. go dtugtar cosaint d'inbhuanaitheacht an Chrannchuir Náisiúnta go fadtéarmach

agus, faoi réir a) go c), a chinntiú go mbíonn ioncaim a leithdháiltear ar an Lár-Chiste le híoc amach ar mhaithe leis na cuspóirí a cheadaítear faoin Acht ("Cúiseanna Maithe") chomh mór agus is féidir, faoi réir théarmaí an cheadúnais.

Níl aon ról ag an Rialálaí maidir le hiarratais ar nó leithdháileadh cistí do Chúiseanna Maithe. Ba cheart iarratais ar chistiú a chur faoi bhráid na Roinne Rialtais ábhartha.

# 1 .4 Maoirseacht ar an Oibreoir

Déanann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta monatóireacht agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh ag DAC Premier Lotteries Ireland i leith an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013 agus théarmaí agus choinníollacha an Cheadúnais ar deonaíodh dóibh chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú.

Comhlíonann an Oifig seo an fheidhm trí mhaoirseacht rialta agus réamhghníomhach a dhéanamh ar Premier Lotteries Ireland. Áirítear leis an maoirseacht seo:

a. Maoirseacht ar fheidhmíocht an Oibreora
b. Tuarascálacha éagsúla a fuarthas ón Oibreoir
c. Rochtain fíor-ama ar shonraí ó chórais an Oibreora
d. Cruinnithe rialta leis an Oibreoir
e. Maoirseacht ar phróisis agus rialuithe a chuir an tOibreoir i bhfeidhm
f. Monatóireacht ar mhargaíocht agus gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí an Oibreora
g. Gearáin ón bpobal, athbhreithnithe agus imscrúduithe téamúla

***Déanann Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta monatóireacht agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh ag DAC Premier Lotteries Ireland i leith an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013 agus théarmaí agus choinníollacha an Cheadúnais ar deonaíodh dóibh chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú***

## (a)Monatóireacht ar fheidhmíocht an Oibreora

Déantar monatóireacht ar fheidhmíocht an Oibreora i dtaobh caighdeáin thuartha a bhainfear amach i ngach bliain. Féach Aguisín A chun teacht ar shleachta ó thuarascáil feidhmíochta bhliantúil 2017 ón Oibreoir.

## (b) Tuarascálacha éagsúla a fuarthas ón Oibreoir

Fuarthas 31 saghas éagsúil de thuarascálacha ar bhonn rialta ón Oibreoir (féach Aguisín B) in 2017. Cuimsíonn iad seo gnéithe éagsúla den ghnó, airgeadas, rialachas, teicneolaíocht, seirbhís do chustaiméirí agus feidhmíocht an chluiche ina measc.

Déanann Oifig an Rialálaí athbhreithniú ar gach tuarascáil agus féadtar iad a chrostagairt in aghaidh foinsí eile faisnéise. Bunaithe ar an athbhreithniú seo, téitear i ngleic le haon cheist óna dteastaíonn míniú leis an Oibreoir agus iarrtar ar nó faightear breis faisnéise nó téitear i mbun gnímh, de réir mar is gá.

## (c) Rochtain fíor-ama ar shonraí ó chórais an Oibreora

Tá rochtain fíor-ama ag an Oifig ar an gCóras Cluichíochta ("BOS") a oibríonn an tOibreoir. Cumasaíonn seo an Oifig monatóireacht a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- Feidhmíocht díolta cluichí, ar bhonn aonair agus de réir catagóire
- Líonta na nduaiseanna is mó a éilítear de réir cluiche agus an líon duaiseanna eile nár éilíodh
- Céatadán na nduaiseanna nár éilíodh de réir cluiche
- An coimisiún atá iníoctha le miondíoltóirí
- Coigeartuithe (e.g. le haghaidh ticéid chealaithe nó a ndearnadh díobháil dóibh) a iontráladh ar an gCóras Cluichíochta
- Deireadh a chur le cluichí agus leaganacha níos déanaí a chur ina n-ionad

Déantar an fhaisnéis seo a chrostagairt in aghaidh na dtuarascálacha a sholáthraíonn an tOibreoir, faoi mar a thugtar faoi deara thuas.

Tá rochtain ag Oifig an Rialálaí, chomh maith, ar an gCóras Fíoraithe Neamhspleách ar gá don Oibreoir a oibriú faoin gCeadúnas. Oibríonn an Córas Fíoraithe Neamhspleách mar rialú agus déanann an tOibreoir é a chur i gcothromaíocht leis an gCóras Cluichíochta sula roghnaítear na huimhreacha i ngach cluiche atá bunaithe ar chrannchur.

Tá rochtain fíor-ama ag an Oifig, chomh maith, ar Chuntas Bainc na nDuaiseanna an Oibreora agus déanann sí monatóireacht ar íocaíocht duaiseanna, suimeanna a aistriú ó agus chuig Cuntas Bainc na nDuaiseanna, agus an t-iarmhéid atá ar fáil i gCuntas Bainc na nDuaiseanna ó thráth go chéile.

## (d) Cruinnithe rialta leis an Oibreoir

Déantar cruinnithe rialta leis an bpríomhphearsanra an Oibreora go rialta ar bhonn athfhillteach, agus socraítear cruinnithe breise ad-hoc faoi mar a bhíonn ag teastáil.

- Cuireann cruinnithe coicísiúla agus míosúla athfhillteacha bealaí ar fáil chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh idir Oifig an Rialálaí agus an tOibreoir agus chun maoirseacht thráthúil a dhéanamh ar gach gníomhaíocht reatha agus bheartaithe.

- Sceidealaítear cruinnithe ráithiúla agus bliantúla chun maoirseacht struchtúrach a dhéanamh ar cheisteanna sonracha tréimhsiúla, idirchaidreamh bliantúil ina measc le Bord an Oibreora.

- Cuirtear cruinnithe ad-hoc ar bun chun dul i ngleic le ceisteanna sonracha a thagann chun solais ó am go ham, faoi mar is gá.

Chuir Oifig an Rialálaí 41 cruinniú rialta ar bun le pearsanra an Oibreora in 2017. Anuas air sin, cuireadh cruinnithe ad-hoc ar bun a théann i ngleic le ceisteanna ar leith faoi mar a bhí ag teastáil.

I gcaitheamh na tréimhse ó d'éirigh an iar-Rialálaí as go dtí gur ceapadh an Rialálaí reatha agus le leanúnachas sa mhaoirseacht a chinntiú ar Oibreoir agus le leanúnachas a chinntiú i mbainistíocht agus rialú Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, chuir pearsanra na hOifige seo 20 cruinniú seachtainiúil ar bun le hoifigigh an Aire, i gcáil Rialálaí an Aire.

## (e) Maoirseacht ar phróisis agus rialuithe a chuir an tOibreoir i bhfeidhm

Déanann Oifig an Rialálaí monatóireacht ar na próisis agus na rialuithe a dtéann an tOibreoir ina mbun in oibriú an Chrannchuir Náisiúnta. Áirítear leis an maoirseacht seo monatóireacht a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- Struchtúir rialachais laistigh den Oibreoir
- Oiriúnacht agus macántacht stiúrthóirí agus na bainistíochta sinsearaí
- Aistrithe rialta chuig Ciste an Chrannchuir Náisiúnta (féach Mír 1.6 thíos)
- Rialuithe atá i bhfeidhm i dtaca le hoibríochtaí, crannchuir a chur ar bun agus oibriú cluichí, íocaíocht duaiseanna, duaiseanna nár éilíodh atá imithe in éag a úsáid, slándáil, teicneolaíocht faisnéise, rialú cáilíochta, cuntasaíocht agus tuairisciú ina measc
- Oibriú na feidhme iniúchóireachta inmheánaí
- Deimhniúchán tríú páirtí i dtaca le rialuithe agus próisis

## (f) Monatóireacht ar mhargaíocht agus gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí an Oibreora

Forordaítear sa Chód Cleachtais Fógraíochta agus Promóisin roinnt caighdeán nach mór don Oibreoir cloí leo nuair a dhéantar an Crannchur Náisiúnta a chur chun cinn. Déanann Oifig monatóireacht ar na feachtais fógraíochta, na preaseisiúintí, na meáin shóisialta agus gníomhaíochtaí eile margaíocht agus caidrimh phoiblí faoina dtugann an tOibreoir féachaint an gcomhlíonann sé forálacha an Chóid agus lena chinntiú éifeachtach go dtéitear i mbun gníomh éifeachtach má thugtar aon sáruithe faoi deara.

Tá tríú páirtí a cheapadh ag an Oibreoir chun tabhairt faoi sheirbhísí fógraíochta faoi réir faofa ag an Rialálaí, i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht agus macántacht an tríú páirtí a bheartaítear.

## (g) Gearáin ón bpobal, athbhreithnithe agus imscrúduithe téamúla.

In 2017, dhéileáil an Rialálaí le 34 gearán ó bhaill den phobal; thug se faoi 3 athbhreithniú théamúla - ar an úsáid a bhaineann an tOibreoir as na meáin shóisialta, úsáid Trádmharcanna, agus oibleagáidí oiriúnachta agus macántachta; agus chuir sé tús le himscrúdú ar ghnéithe chóras rialaithe inmheánaigh an Oibreora a bhaineann leis an tsaoráid féineisiamh agus rialuithe gaolmhara ar líne.

Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí réamhghníomhacha seo, chuir an tOibreoir tús le hathbhreithniú ar a bheartas faoi úsáid na meán sóisialta agus an úsáid a bhaintear as Trádmharcanna iontu.


## 1.4.1 Oibríochtaí agus Cistí an Chrannchuir Náisiúnta ar Chúiseanna Maithe

Thug an tOibreoir le fios gur imir breis agus 1.4 milliún duine cluichí an Chrannchuir Náisiúnta ar bhonn rialta in 2017. Is ionann seo agus os cionn 40% de dhaoine fásta in Éirinn.

B'ionann díolacháin ticéad don bhliain 2017 agus €800.2 milliún (2016: €750.2 milliún). B'ionann díolacháin do chluichí bunaithe ar chrannchur agus €558.8 milliún (2016: €529.8 milliún), agus b'ionann díolacháin i dtaobh cluichí ar an toirt (Cluichí scríobchárta agus idirghníomhacha Bua Láithrigh) agus €241.4 milliún (2016: €220.4 milliún).

I rith na bliana, tháinig méadú 7% aníos go dtí 5,663 asraon ar an gcainéal miondíola (2016: 5,290). B'ionann díolacháin ar líne sales agus 6.5% de na díolacháin iomlána (2016: 5.4%).

Leagtar amach san fhíor thíos na suimeanna a aistríodh ó Ciste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste lena ndáileadh ar Chúiseanna Maithe (de bhun alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, chun na gcríoch a leagtar amach in Alt 41) sna blianta ó 2014, an bhliain inar thosaigh PLI ag oibriú an Chrannchuir Náisiúnta, go dtí 2017.




*Áiríodh leis an tsuim €219 milliún a aistríodh ar Chúiseanna Maithe in 2016 €7 milliún i dtaca le suimeanna stairiúla a tugadh anonn i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta.*

B'ionann an tsuim a aistríodh in 2017 agus €226.8 milliún, arb ionann sin agus méadú 7.1% ar 2016 ar bhonn iontamhla.

## 1.4.2 Cosaint Imreoirí

### *Idirghníomhú feasach tomhaltóra leis an gCrannchur Náisiúnta a íoslaghdaíonn rannpháirtithe a chur i mbaol*

Cuspóir reachtúil den Rialálaí is ea go gcosnaítear leasanna na rannpháirtithe sa Chrannchur Náisiúnta. San áireamh leis an gcuspóir seo tá monatóireacht a dhéanamh ar conas atá an méid seo a leanas á chosaint ag an Oibreoir:

- Iad siúd atá faoi aois (a shainítear chun críocha an Chrannchuir Náisiúnta mar dhaoine faoi 18 mbliana d'aois)
- Imreoirí atá tugtha d'imirt iomarcach nó a chruthaíonn fadhbanna dóibh

Cé go mbaineann go leor daoine taitneamh as agus go dtugann siad faoi ghníomhaíocht a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta go sábháilte, féadfaidh grúpaí nó daoine aonair áirithe a bheith leochaileach nó tugtha d'imirt a chruthaíonn fadhbanna dóibh. Aithníonn an Oifig go bhfuil gnéithe áirithe de chluichí agus den timpeallacht chluichíochta ann (cé acu ar líne nó trí asraonta miondíola) ar féidir leo patrúin imeartha a chur chun cinn a chuireann daoine i mbaol nó cur le rioscaí imreora, go háirithe i dtaobh grúpaí áirithe imreoirí. Tá roinnt mhaith tosca i gceist le fadhbanna cluichíochta a chruthú agus a chosc, ina mbíonn baint ag idirghníomhú idir an duine, an táirge (an cluiche) agus an timpeallacht chluichíochta.

Príomhsprioc den Rialálaí is ea gur cheart go dtabharfadh imreoirí chluichí an Chrannchuir Náisiúnta idirghníomhú feasach tomhaltóra leis an gCrannchur Náisiúnta a íoslaghdaíonn riosca i leith rannpháirtithe. I measc na mbeart atá i bhfeidhm chun an sprioc seo a bhaint amach, tá: rialuithe ar mhargaíocht an Chrannchuir Náisiúnta, rialuithe ar thicéid chluiche an Chrannchuir Náisiúnta a cheannach, agus measúnú críochnúil ar an leibhéal riosca a bhaineann le gach cluiche a bheartaítear.

### Rialuithe d'Imirt ar Líne

Leagtar amach i Sceideal 9 den Cheadúnas coinníollacha áirithe atá le cur i bhfeidhm i dtaobh imirt ar líne, an méid seo a leanas ina measc:

- Clárú
- Teorainneacha ar an méid airgid is féidir a chaitheamh
- Roghanna féineisiaimh
- Seiceálacha fánacha ar aois
- Ní íoctar duaiseanna móra ach más féidir aois agus aitheantas a chruthú
- Íoctar duaiseanna móra trí sheic
- Cuirtear teorainn ar iarmhéid cuntais ar líne

Déanann na rialuithe seo, sa mhullach ar bhearta coisctheacha, freagracha cluichíochta faoi mar a bheartaítear i gClásal 10 den Cheadúnais, nuair a chuirtear i bhfeidhm i gceart iad, tacaíocht a sholáthar do chosc a chur ar chluichíocht faidhbe agus cluichíocht faoi aois.

Anuas ar na rialuithe a chuirtear i bhfeidhm faoi Sceideal 9, sainaithníonn an tOibreoir patrúin ghníomhaíochta a d'fhéadfadh imirt faidhbe a thabhairt le fios agus idirghníomhaíonn sé leis an imreoir chun a heasacht a mhúscailt ar na tacaíochtaí atá ar fáil, áiseanna ina measc chun teorainneacha caithimh, féineisiamh, agus rochtain ar sheirbhísí a chuireann GambleAware ar fáil. Déanann an tOibreoir tuairisciú go rialta leis an Rialálaí ina leith seo.

## Maoirseacht Rialála

Tugann an Rialálaí faoi ar chosc a chur ar imirt faidhbe agus faoi aois tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus timpeallachtaí díola an Oibreora
- Taighde a dhéanamh ar phróisis agus cleachtais agus iad a shainaithint a thaispeáin éifeachtacht chun cosc a chur ar riosca nó é a íoslaghdú
- Measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riosca a bhaineann le cluichí nua a bheartaíonn an tOibreoir. (Déantar plé breise ar na bhfeidhm seo i mír 1.5 den tuarascáil seo.)

Cuirtear sonraí ráithiúla a luaitear gan ainm ar fáil don Oifig seo faoi chluichí ar líne a cheannach. Cuireann na sonraí seo ar chumas na hOifige chun an méid seo a leanas a dhéanamh ar bhonn anaithnid:

- Monatóireacht a dhéanamh ar chaitheamh agus minicíocht na cluichíochta ar shaghsanna na gcluichí
- Monatóireacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as na tsaoráid féineisiaimh
- Monatóireacht a dhéanamh ar an méid a chaitheann an t-imreoir le himeacht ama

D’eascair imscrúdú as anailís a rinneadh ar shonraí faoi féineisiamh imreora i 2016 ar sháruithe dealraitheacha ar na riachtanais a leagtar amach i Sceideal 9 (féach Mír 1.4.6 thíos).

Ina theannta sin, tugann an tOibreoir tuarascálacha ráithiúla um Chosaint Imreora don Rialálaí. Soláthraítear sna tuarascálacha seo sonraí agus anailís an Oibreora ar chaitheamh imreora, ina measc siúd cé acu ar bhain nó nár bhain imreoirí na teorainneacha amach a chuir an Ceadúnas i bhfeidhm, is é sin, €75 sa lá, €300 sa tseachtain agus €900 sa mhí.

Tugann an Rialálaí faoi deara an bhéim a chuirtear san Acht agus sa Cheadúnas maidir leis na rialuithe maidir le himirt faoi aois. Ach go háirithe, tugann an Rialálaí faoi deara na forálacha san Acht a dhéanann cion de ticéad an Chrannchuir Náisiúnta a dhíol le mionaoiseach agus an fhoráil ina luaitear gur cosaint é in ionchúiseamh don chion sin má léiríonn an díoltóir a thaispeáint go ndeachaigh sé nó sí faoi “faoi gach beart réasúnta chun aois an duine a dheimhniú a cheannaíonn an ticéad”. Dá réir, tá dualgas ar an Oibreoir (agus ar ghníomhairí údaraithe miondíola) a chinntiú nach bhfuil ticéid chrannchuir á ndíol le

mionaoisigh agus go bhfuiltear ag dul i mbun gach birt réasúnta a dheimhniú go bhfuil iad siúd a cheannaíonn ticéid an Chrannchuir Náisiúnta 18 mbliana d’aois nó níos sine sula gceannaíonn siad ticéad.

Tá cur i bhfeidhm rialuithe ar imirt ar líne faoi réir athbhreithniú buan ag an Rialálaí i dtaca le comhlíonadh an Cheadúnais agus an Achta araon agus i dtaca le héifeachtacht.

Tugann an Rialálaí aird ar na rialuithe ar imirt ar líne nuair a dhéantar breithniú ar iarratais ar fhaomhadh do scéimeanna le haghaidh cluichí crannchuir a imrítear ar líne.

## Imirt faoi Aois

I dtaca le himirt faoi aois, mar gheall ar na rialuithe ar líne a bhí i bhfeidhm in 2017, níor ceadaíodh do mhionaoisigh clárú chun imirt ar líne. Tugtar faoi deara, anuas air sin, nach soláthraíonn na seiceálacha aoise faoinar thug an tOibreoir i rith 2017 aon fhianaise go raibh mionaoisigh cláraithe le himirt ar líne. D’fhéadfadh go bhféadfadh gur chláraigh líon beag mionaoiseach (agus rialacha an chluiche á sárú acu) agus úsáid á baint as ainm bréagach agus gur imir siad ar líne dá bharr. Bheadh orthu a n-aois a chruthú, áfach, chun duais mhór a éileamh nó suimeanna móra a aistarraingt agus bheadh súil leis go ndéanfadh seo iad a dhíspreagadh ó imirt.

Rinne an Rialálaí idirchaidreamh gníomhach leis an Oibreoir i dtaca le caighdeáin fíoraithe aoise sa timpeallacht ar líne in 2017 agus chuir an tOibreoir pleananna i bhfeidhm chun teicneolaíocht nua a thástáil ina leith seo i 2018. Leanann an Oifig le monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar rialuithe aoise ar líne mar chuid dá sainchúram um chosaint imreoirí.

## 1.4.3 Cumarsáid agus Fógraíocht Fhreagrach

Déanann Oifig an Rialálaí monatóireacht go rialta ar láithreán gréasáin, fógraíocht, caidreamh poiblí agus cumarsáid mhargaíochta eile an Oibreora lena chinntiú go gcloíonn sé le cleachtais fhreagracha fógraíochta agus chluichíochta. Caithfidh an fhaisnéis a sholáthraítear a bheith trédhearcach, inrochtana, agus gan bheith míthreorach. Níor cheart imreoirí a nochtadh d'aon turas nó go neamhbheartaithe do rioscaí ar dóchúil go n-eascróidh imirt faoi aois nó faidhbe astu.

I rith 2017, rinne an Rialálaí idirchaidreamh go gníomhach leis an Oibreoir i dtaca le seasamh le caighdeáin sa Chód Cleachtais Fógraíochta agus Promóisin agus deimhníodh gur sáraíodh an Cód i dtaca le fógra amháin.

Foráiltear sa Chód Cleachtais Fógraíochta agus Promóisin:

> *"Níor cheart do Chumarsáid Margaíochta agus gníomhaíochtaí Caidrimh Phoiblí leas a bhaint as imní airgeadais ná deacrachtaí pearsanta duine aonair ar bhealach a mheastar atá mar bhealach as deacrachtaí airgeadais nó mar rogha ar obair."*

agus:

> *"Ní thaispeánfar aon duine atá faoi aois 18 nó a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad faoi aois 18 in aon rud eile seachas ról teagmhasach Cumarsáide Margaíochta agus gníomhaíocht Caidrimh Phoiblí. Ní thaispeánfar ach gníomhaithe atá agus ar dealraitheach go bhfuil siad os cionn 18 mbliana d'aois mar phríomhcharachtar aon fhógra den Chrannchur Náisiúnta nó d'fheachtas Caidrimh Phoiblí"*

Is ionann sárú ar an gCód agus sárú ar an gCeadúnas.

An 10 Eanáir 2017, cuireadh Oifig an Rialálaí ar an eolas ar fhógra teilifíse ina fhógair an tOibreoir an líne lipéid "It's the quality time all the time jackpot". Tosaíodh an fógra le beirt leanaí óga agus bean ar an trá le chéile. Dúirt guthú "it's the quality time all the time jackpot"; agus bhí "IT'S THE QUALITY TIME. ALL THE TIME." JACKPOT" le sonrú sa téacs ar an scáileán. Lean dhá radharc bhreise an radharc ina raibh bean agus leanbh le feiceáil sa dá cheann. An 28 Aibreán 2017, dheimhnigh an Rialálaí gur theip ar an Oibreoir forálacha thuas an Chóid agus Cheadúnais a chomhlíonadh.

Ba é seo an chéad uair a mheas an Rialálaí gur sháraigh an tOibreoir na forálacha seo agus d'ordaigh sé an tOibreoir chun an sárú a chur ina cheart. Rinne an tOibreoir an sárú a chur ina cheart mar ba cheart agus aistarraingíodh an fógra.

## 1.4.4 Gearáin a Fuarthas

Féadfaidh baill den phobal, bíodh siad ina rannpháirtithe in aon chluiche den Chrannchur Náisiúnta nó a mhalairt, gearáin maidir leis an gCrannchur Náisiúnta a chur faoi bhráid Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta. Is féidir teacht ar shonraí maidir le próiseas gearán an Oibreora i gCód Cleachtais na Rannpháirtithe, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Rialálaí agus ón Oibreoir.

Mar rogha air sin, is féidir gearáin a chur faoi bhráid an Rialálaí. Déanfaidh an Rialálaí breithniú ar an ngearán ó pheirspictíocht rialála agus breithneoidh sé ar cé acu ar sháraigh nó nár sháraigh an tOibreoir an tAcht nó an Ceadúnas. Ní féidir leis an Rialálaí tionchar a imirt ar chinneadh nó cinneadh a athrú a thagann faoi chuimsiú shainchúram an Oibreora seachas chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an tAcht agus an Ceadúnas. Leagtar amach sonraí faoi conas gearán a dhéanamh leis an Rialálaí agus faoin bpróiseas gearán ar láithreán gréasáin an Rialálaí ag http://www.rnl.ie/player-information/complaints-procedure/

## Achoimre ar ghearáin a fuair an Rialálaí in 2017 agus an Gníomh a Rinneadh

| Ábhar na nGearán | Líonta |
|---|---|
| Ní raibh trealamh miondíoltóra ag feidhmiú | 5 |
| Gearán ag Miondíoltóir | 2 |
| Eispéireas ar Líne | 9 |
| Dearadh / Praghas Cluiche | 10 |
| Scríobchártaí Éagtha | 3 |
| Faisnéis a Soláthraíodh | 4 |
| Neamhbhainteach leis an gCrannchur Náisiúnta | 1 |
| Iomlán | 34 |
| **Gníomh a Rinne an Rialálaí** | **Líonta** |
| D'fhreagair an Oifig seo go díreach | 11 |
| D'fhreagair an tOibreoir i ndiaidh go ndearna an Oifig seo teagmháil | 19 |
| Gearáin leanúnacha amhail an 31 Nollaig 2017 | 4 |
| Iomlán | 34 |

## 1.4.5 Athbhreithnithe Téamúla Comhlíonta

I rith 2017, thug an Rialálaí faoi na hathbhreithnithe téamúla comhlíonta seo a leanas:

### 1. Oiriúnacht agus Macántacht

Baineann Alt 9(2)(a) den Acht le feidhmeanna an Rialálaí agus luaitear ann go bhfeidhmeoidh an Rialálaí a feidhmeanna ar an mbealach sin a mheasann sí is dóchúla a chinnteoidh go reáchtáiltear an Crannchur Náisiúnta de réir an ghnáis chirt".

Baineann Alt 36(1)(f) den Acht leis an gCeadúnas a chúlghairm agus foráiltear ann gur féidir leis an Rialálaí fógra a thabhairt go bhfuil sé ar intinn aici an Ceadúnas a chúlghairm *"mura bhfuil an gnó á bhainistiú nó aon chuid den ghnó á bhainistiú lena mbaineann an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil faoin gceadúnas ag duine atá oiriúnach chun amhlaidh a dhéanamh...".*

Tá Clásal 19 den Cheadúnas dar teideal "Faisnéis a Sholáthar faoi Stiúrthóirí, Scairshealbhóirí agus Daoine Eile". De bhun Chlásal 19.1, caithfidh an tOibreoir an fhaisnéis sin a sholáthar don Rialálaí d'fhonn gur féidir léi a dheimhniú cé acu an nó nach *"duine oiriúnach agus ceart aon duine a bhfuil gnó an Cheadúnaí á bhainistiú acu...".*

**I rith 2017, thug an Rialálaí faoi athbhreithniú ar chomhlíonadh oibleagáidí oiriúnachta agus macántachta an Oibreora faoin Acht agus an Ceadúnas. Ní raibh aon ghníomhaíocht ag teastáil mar thoradh ar an athbhreithniú.**

### 2. An Crannchui Náisiúnta a Fhógraíocht agus a Chur chun Cinn: na Meáin Shóisialta a úsáid

I rith 2017, rinne an Oifig breithniú ar limistéar na meán sóisialta, ar a raibh forbairt ag teacht, a bhfuil úsáid mhéadaitheach á baint as chun an Crannchur Náisiúnta a fhógairt agus a chur chun cinn. Rinne an Oifig breithniú ar conas a bhí na gníomhaíochtaí siúd á rialáil ag an Acht agus an Ceadúnas agus, chomh maith leis sin, conas a bhain na riachtanais trádmhairc faoin Acht agus an Ceadúnas leis na gníomhaíochtaí siúd.

**Chuir an tOibreoir tús le hathbhreithniú ar a beartas meán sóisialta i gcomhthéacs na mbreithniúchán seo, atá ar bun go fóill.**

### 3. Trádmharcanna a úsáid

Féach mír 1.7 de Trádmharcanna a Fhorfheidhmiú.

## 1.4.6 Forfheidhmiú

Baineann Cuid 6 den Acht le himscrúduithe. Ceadaíonn Alt 32 den Acht don Rialálaí imscrúdaitheoir a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar shárú dealraitheach ar an Acht nó an Ceadúnas. Ceadaítear in Alt 33 don Rialálaí chun treoir a eisiúint don Oibreoir a cheanglaíonn air chun tabhairt faoi nó chun deireadh a chur le tabhairt faoi ghníomh/ghníomhartha sonraithe. Mar mhalairt air sin, caithfidh an Rialálaí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar ordú a chuireann iallach ar chomhlíonadh an Achta nó an Cheadúnais nó comhoibriú le hImscrúdú. Ceadaítear in Ailt 34 agus 35 don Rialálaí smachtbhanna airgeadais a ghearradh ar an Oibreoir nuair a theip air treoir a chomhlíonadh. Féadfaidh an Rialálaí na sonraí faoi aon sárú agus treoir nó aon ráiteas ar thorthaí nó aon iarratas ar an gCúirt faoi Alt 35 a fhoilsiú.

### Imscrúduithe Féineisiaimh

I 2016, cheap an Rialálaí imscrúdaitheoir chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe dealraitheacha ag an Oibreoir ar na forálacha féineisiaimh a chuimsítear i Sceideal 9 den Cheadúnas. Saoráid is ea féineisiamh a cheadaíonn d'imreoir cosc a chur air/uirthi féin ó theacht ar roinnt de na cluichí crannchuir ar líne ar feadh tréimhsí éagsúla. Ceanglaítear in Alt 6 de Sceideal 9 ar an Oibreoir chun an tsaoráid féineisiaimh seo a leanas a chur i bhfeidhm:

a. "beidh ar chumas imreora é/í féin a ghlasáil amach ó chluiche Idirghníomhach Bua ar an Toirt ar feadh tréimhse íosta 2 lá.

b. Gach Cluiche – Sé Mhí, ar a Laghad
Má roghnaíonn imreoir an rogha seo, dúnfar a gcuntas ar feadh sé mhí, ar a laghad, agus aisíocfar an t-iarmhéid ina sparán ar líne. Ní sheolfar aon teachtaireachtaí margaíochta chucu i gcaitheamh thréimhse a n-eisiaimh.

c. Gach Cluiche – Mí Amháin, ar a Laghad (Sos a Thógáil)
Má roghnaíonn imreoir an rogha seo, dúnfar a gcuntas ar feadh mí amháin, ar a laghad. Ní choimeádtar an t-iarmhéid ina sparán ar líne don imreoir ach ní sheolfar aon teachtaireachtaí margaíochta chucu i gcaitheamh thréimhse a n-eisiaimh."

Ag deireadh an imscrúdaithe, chuir an t-imscrúdaitheoir tuarascáil faoi bhráid an Rialálaí inar cuimsíodh a thuairim seo a leanas, idir tosú na n-oibríochtaí faoin gCeadúnas agus an 17 Deireadh Fómhair 2016:

- Rinne 19 n-imreoir a rinne iad féin a fhéineisiamh teagmháil leis an Oibreoir agus ceadaíodh dóibh imirt roimh dheireadh thréimhse an fhéineisiaimh.
- Fuair 4 imreoir a rinne iad féin a fhéineisiamh teachtaireachtaí margaíochta ón Oibreoir i rith tréimhse féineisiaimh.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil, mar thoradh ar an imscrúdú, thug an tOibreoir rialuithe isteach chun cosc a chur ar imreoir ó imirt roimh dheireadh tréimhse féineisiaimh agus ar theachtaireachtaí margaíochta a fháil roimh dheireadh tréimhse féineisiaimh.

In Aibreán 2017, dheimhnigh an Rialálaí gur sháraigh an tOibreoir téarmaí agus coinníollacha an Cheadúnais a bhaineann le féineisiamh. D'ordaigh an Rialálaí an tOibreoir chun Alt 6 de Sceideal 9 den Cheadúnas a chomhlíonadh agus dheimhnigh an tOibreoir gur leasaigh sé a rialuithe féineisiaimh.

I mBealtaine 2017, cheap an Rialálaí imscrúdaitheoir chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnéithe chóras rialaithe inmheánaigh an Oibreora maidir leis an tsaoráid féineisiaimh agus le rialuithe gaolmhara ar líne faoi mar a leagtar amach i Sceideal 9 den Cheadúnas. Níor tugadh an t-imscrúdú seo chun críche go fóill ag tráth foilsithe na tuarascála seo.

# 1.5 Iarrataí Rialála faoin Acht agus an Ceadúnas

Teastaíonn ó roinnt gnéithe de ghníomhaíochtaí an Oibreora faomhadh scríofa an Rialálaí roimh ré i leith chomhlíonadh an Achta ina measc, an méid seo a leanas san áireamh:

- Scéimeanna nua nó leasaithe do chluichí an Chrannchuir Náisiúnta
- Soláthraithe nua seirbhíse
- Scéimeanna chun trealamh a thástáil a úsáidtear i dtarraingtí an Chrannchuir Náisiúnta, anuas ar dhaoine cáilithe, neamhspleácha chun tabhairt faoi na tástálacha
- Líne thuairiscithe iniúchóireachta inmheánaí
- Cur Síos Infhaofa ar phróisis agus córais
- Athruithe ar Chóid Chleachtais, an méid seo a leanas ina measc:
    - Cód Cleachtais Rannphháirtithe
    - Cóid Chleachtais Díolachán
    - Cód Cleachtais Fógraíochta agus Phromóisin
    - Cód Cleachtais maidir le Nósanna Imeachta Grinnfhiosrúcháin

## Próiseas measúnaithe

Déantar gach iarraidh ar fhaomhadh nó toiliú a scrúdú lena mheas cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé an tAcht agus an Ceadúnas. Is éard a bhaineann le gach measúnú breithniú cúramach a dhéanamh ar réimse forálacha den Acht agus den Cheadúnas. Leagtar amach sa Cheadúnas próiseas dian faoi cheangal ama chun na hiarrataí seo a phróiseáil.

Nuair nach mbíonn an Rialálaí sásta go bhfuil iarraidh comhlíontach, féadtar iarraidh ar an Oibreoir breis faisnéise agus mínithe a thabhairt. Go minic, seolann an tOibreoir togra leasaithe nó míniú ar aghaidh a théann i ngleic le haon bhuairt agus faomhtar an iarraidh, ar deireadh. Amanna ní bhíonn an tOibreoir in ann dul i ngleic leis na buarthaí, ar a laghad laistigh den teorainn ama agus déantar an iarraidh a aistarraingt nó a dhiúltú. D'fhéadfaí iarratas úrnua a dhéanamh ina dhiaidh seo ar thogra leasaithe.

## Iarrataí 2017

I rith 2017, sheol an tOibreoir 41 iarraidh ar fhaomhadh nó toiliú agus tugadh 36 díobh seo chun críche i rith na bliana. I 75% de na haighneachtaí, lorg an Rialálaí breis faisnéise. Bhí breithniú á dhéanamh go fóill ar 5 iarraidh ag deireadh na bliana.

Bhain 29 de na hiarrataí le scéimeanna do chluichí an Chrannchuir Náisiúnta. Faomhadh 17 iarraidh ar chluiche agus diúltaíodh 9 gcinn, go príomha ar chúiseanna cosanta imreora. Bhí breithniú á dhéanamh go fóill ar 2 cheann ag deireadh na bliana.

| Stádas Iarrataí 2017 an 31 Nollaig | Gach Iarraidh | Cluichí |
|---|---|---|
| Faighte | 41 | 29 |
| Faofa | 21 | 17 |
| Diúltaithe | 12 | 9 |
| Aistarraingthe ag an Oibreoir | 3 | 1 |
| Faoi bhreithniú | 5 | 2 |

Féach Aguisín C chun teacht ar shonraí faoi gach iarraidh aonair a fuarthas i 2017.

Tá sonraí faoi iarrataí a fuarthas i mblianta roimhe seo ag http://www.rnl.ie/publications-and-research/

## Breis faisnéise i dtaca le Cluichí Idirghníomhacha Bua ar an Toirt (CBTanna)

I Samhain 2015, thug an tOibreoir isteach na chéad CBTanna faoin gCeadúnas. Imrítear CBTanna ar líne agus baineann idirghníomhú leo idir an córas agus an t-imreoir, cé gur cluiche seans chríochnaithe a bhíonn sa chluiche i gcónaí agus ní imríonn gníomhartha an imreora aon tionchar ar an toradh.

Ar roinnt cúiseanna, féadfaidh na cluichí seo riosca breise a chruthú ó pheirspictíocht um chosaint imreora. Is féidir seo a mhaolú, áfach, trí chreat rialaithe a bhunú agus é mar chuspóir an riosca a laghdú d'imreoirí. Teastaíonn a leithéid de chreat rialaithe faoin gCeadúnas. Áirítear leis teorainneacha ar chaitheamh imreoirí, roghanna d'imreoirí chun iad féin a fhéineisiamh ó chluichí ar líne an Chrannchuir Náisiúnta a imirt agus cleachtais fhreagracha chluichíochta a chuireann cosc ar chluichíocht faidhbe.

Níor deonaíodh ach faomhadh sealadach d'iarrataí a bhaineann le scéimeanna do CBTanna, ar feitheamh feabhsúchán ar chreat rialaithe ar líne an Oibreora atá i gcleachtas.

# 1.6 Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Bunaíodh Ciste an Chrannchuir Náisiúnta ("an Ciste") faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 1986 mar chuntas singil a bhí á choimeád le Banc Ceannais na hÉireann. Déanann an Rialálaí an Ciste seo a bhainistiú agus a rialú i gcomhréir leis an Acht agus an Ceadúnas.

*Déanann an Rialálaí an Ciste a bhainistiú agus a rialú... lena chinntiú go gcuirtear na hioncaim a thiomsaítear ó thicéid an Chrannchuir Náisiúnta a dhíol agus ó na suimeanna a bhronntar mar dhuaiseanna agus Cúiseanna Maithe i gcuntas i gceart.*

## Socraíocht gach seachtain

Déanann an Rialálaí athbhreithniú gach seachtain ar "tuarascáil seachtainiúil socraíocht" an Oibreora ar thicéid an Chrannchuir Náisiúnta a díoladh maidir le gach scríobchárta, cluiche bunaithe ar tharraingt, agus gach cluiche bua ar an toirt. Tugtar faoi sheiceálacha lena chinntiú go bhfuil na suimeanna a leithdháiltear ar duaiseanna, Cúiseanna Maithe agus an tOibreoir i gceart – do gach uile chluiche. Déanann Oifig an Rialálaí crostagairt don fhaisnéis airgeadais seo, chomh maith, leis na sonraí fíor-ama ó chóras cluichíochta an Oibreora.

Cruthaíonn na seiceálacha seachtainiúla seo cuid de chóras rialaithe lena chinntiú go gcuirtear na hioncaim go léir a thiomsaítear ó thicéid an Chrannchuir Náisiúnta a dhíol, an méid a bhronntar mar dhuaiseanna, an méid a bhronntar ar Chúiseanna Maithe, an céatadán a bhronntar ar mhiondíoltóirí agus i gcuntas i gceart.

## Aistrithe cistí

Téitear i mbun na mbeart seo a leanas ar bhonn seachtainiúil, i gcomhréir le téarmaí an Cheadúnais:

**CÉIM 1:** Déanann an tOibreoir an méid iomlán de dhíolacháin ticéid, glan ar choimisiúin na miondíoltóirí agus duaiseanna beaga a d'íoc miondíoltóirí, a thaisceadh isteach sa Chiste.

**CÉIM 2:** Aistríonn an Rialálaí an méid i dtaobh duaiseanna, seachas duaiseanna beaga, don tseachtain, ón gCiste chuig an Oibreoir.

**CÉIM 3:** Coimeádann an Rialálaí sa Chiste an méid maidir le Cúiseanna Maithe.

**CÉIM 4:** Aistríonn an Rialálaí an méid atá le híoc maidir le tobhach an Rialálaí.

**CÉIM 5:** Aistríonn an Rialálaí an méid eile atá le híoc maidir leis an tseachtain leis an Oibreoir.

Déantar an Ciste a réiteach ar bhonn seachtainiúil. Aistrítear na suimeanna a choimeádtar sa Chiste do Chúiseanna Maithe (ag 3 thuas) ar bhonn tréimhsiúil, faoi mar ar comhaontaíodh air leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Lár-Chiste an Státchiste.

Ullmhaítear cuntais bhainistíochta an Chiste agus bíonn siad faoi réir athbhreithniú ag Coiste Airgeadais an Rialálaí, lena n-áirítear comhairleach seachtrach. Ullmhaítear ráitis airgeadais bhliantúla i bhfoirm Ráiteas Fáltas agus Íocaíochtaí agus bíonn siad faoi réir iniúchóireachta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá nósanna imeachta foirmiúla agus rialuithe inmheánacha i bhfeidhm ag an Rialálaí chun an Ciste agus na haistrithe chuig agus ón gCiste a bhainistiú agus a rialú. Tá an córas seo rialuithe inmheánacha a ghlacann an Rialálaí faoi réir athbhreithniú bliantúil ag comhairligh iniúchóireachta inmheánaí atá fostaithe ag an Rialálaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun an Ciste a bhainistiú agus a rialú.

## Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post

I 2017, dheimhnigh Cuideachta Chrannchur Náisiúnta An Post nach mbeadh aon íocaíochtaí breise leis ón gCiste ag teastáil i dtaca le costais faoin gCeadúnas deireanach.

## Cistí do Chúiseanna Maithe

Ríomhtar an tsuim a leithdháiltear ar Chúiseanna Maithe, i gcomhréir leis an Acht agus an Ceadúnas, mar 65% den difríocht idir díolacháin agus duaiseanna. Faoin gCeadúnas, caithfidh gurb ionann duaiseanna, ar an meán i measc an phortfóilió de chluichí an Chrannchuir Náisiúnta, agus 50% de na díolacháin, ar a laghad.

I rith 2017, aistríodh €226.8 milliún chuig an Státchiste do Chúiseanna Maithe - i gcomparáid le €218.9 milliún i 2016 agus €193.3 milliún i 2015.

Áiríodh leis an bhfigiúr don bhliain 2016 suim €7 milliún a a bhí á coimeád roimhe sa Chiste chun íoc as costais aistrithe, nach raibh ag teastáil chomh géar sin.

## Cuntais Bhliantúla Chiste an Chrannchuir Náisiúnta

D'ullmhaigh an Rialalaí Cuntais Bhliantúla an Chiste agus chuir sé faoi bhráid an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas iad le hiniúchadh de réir Alt 44 den Acht. Tá na cuntais seo iniúchta agus leagtha amach i Mír 3 den cháipéis seo.

# 1.7 Forfheidhmiú Trádmharcanna

Foráiltear leis an Acht go bhfuil an cáilmheas a bhaineann leis na hainmneacha "Crannchur Náisiúnta na hÉireann" agus "an Crannchur Náisiúnta" agus a gcoibhéis sa Ghaeilge agus le hainm aon chluiche crannchuir sealbhaithe faoin gCeadúnas dílsithe san Aire. De bhun alt 9(5) den Acht, féadfaidh an Rialálaí aon trádmharcanna a bhaineann leis an gCrannchur Náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Ceadaítear don Oibreoir leis an gCeadúnas trádmharc agus lógó an Chrannchuir Náisiúnta a úsáid faoi réir roinnt coinníollacha lena n-áirítear iad seo a leanas:

a. Cinnteoidh an tOibreoir go mbíonn Lógó an Chrannchuir Náisiúnta le feiceáil ar dhuillíní imeartha agus ticéid fhisiciúla go léir agus cáipéisí táirgthe ag an Oibreoir curtha ar fáil d'imreoirí ina bhfuil faisnéis faoin gCrannchur Náisiúnta nó aon chluiche eile agus ar chomhfhreagras eisithe ag an Oibreoir.

b. Ní úsáidfidh nó ní chuirfidh an tOibreoir faoi deara go n-úsáidfidh ní thabharfaidh an tOibreoir cead trádmharc nach trádmharc de chuid an Chrannchuir Náisiúnta é a úsáid i ndáil leis an gCrannchur Náisiúnta nó le cluichí, gan faomhadh a fháil roimh ré ón Rialálaí.

c. Ní úsáidfidh nó ní chuirfidh an tOibreoir faoi deara go n-úsáidfidh ní thabharfaidh an tOibreoir cead d'aon duine eile trádmharc nach trádmharc de chuid an Chrannchuir Náisiúnta nó cluichí ar aon earraí nó i ndáil le haon seirbhísí a sholáthar, seachas an Náisiúnta nó aon chluiche a oibriú gan faomhadh a fháil roimh ré ón Rialálaí.

d. Cinnteoidh an tOibreoir nach sannann sé cearta a bhaineann le trádmharc an Chrannchuir Náisiúnta d'aon duine eile gan faomhadh an Riálálaí.

e. Ní éileoidh an tOibreoir cearta den sórt sin ach amháin iad atá tugtha dó faoin gCeadúnas agus ní dhéanfaidh sé aon rud a chuirfeadh isteach ar chlárú dá chearta ag an Aire.

f. Tuairisceoidh an tOibreoir sáruithe amhrasacha ag tríú páirtí a bhaineann le trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta don Rialálaí.

**In 2017, thug an Rialálaí faoi athbhreithniú téamúil ar chomhlíonadh a oibleagáidí trádmhairc ag Oibreoir faoin gCeadúnas. Ní raibh aon ghníomhaíocht ag teastáil mar thoradh ar an athbhreithniú.**

**Rinne an Rialálaí monatóireacht, chomh maith, ar an úsáid a baineadh as trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta i gcaitheamh na bliana, mar chuid dá ghníomhaíochtaí leanúnacha. Ní raibh aon ghníomhaíocht ag teastáil mar thoradh ar na gníomhaíochtaí seo.**

# 1.8 Gnóthaí Corparáideacha

## 1.8.1 Straitéis

Le linn 2015 d'fhorbair an Rialálaí Plean Straitéiseach don tréimhse trí bliana ó 2016 go 2018 inar leagadh síos an Misean, Fís, Luachanna agus Cuspóirí Straitéiseacha. Lean an Rialálaí leis an bPlean Straitéiseach a fhorbairt agus a fheabhsú in 2017 ag tacú leis na Cuspóirí Straitéiseacha. Is é aidhm an Rialálaí leanúint ar aghaidh ag neartú a róil ar aon dul lena sainchúram reachtúil trí phleanáil ar aghaidh agus feabhsú leanúnach a chur i bhfeidhm agus imlonnú straitéiseach na gcumhachtaí a bronntar uirthi faoin Acht agus faoin gCeadúnas.

Cuimsítear sna ráitis seo a leanas croíchuspóir agus díriú straitéiseach Oifig an Rialálaí le linn 2017.

### Fís an Rialálaí

Is é fís an Rialálaí Crannchur Náisiúnta atá sábháilte, inbhuanaithe, a reáchtáiltear i gceart agus a dhéanann cistí do chúiseanna maithe a uasmhéadú.

### Misean an Rialálaí

Is é misean an Rialálaí é seo a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Oibríochtaí an Chrannchuir Náisiúnta a mhaoirsiú agus comhlíonadh mar a éilítear a chur i bhfeidhm
- Moltaí ón Oibreoir a bhreithniú agus iad a fhaomhadh de réir mar is cuí
- Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú
- Cearta forfheidhmithe trádmharcanna an Chrannchuir Náisiúnta a chur i bhfeidhm
- A chinntiú go nglactar le dea-chleachtas i rialachas i mbainistíocht agus rialachas na hOifige

### Luachanna an Rialálaí

Ghlac an Rialálaí le luachanna a chuirfidh Oifig an Rialálaí i bhfeidhm ina cuid gníomhaíochtaí. Is iad na luachanna seo:

- Neamhspleáchas a choimeád
- Gníomhú i gcónaí le neamhchlaonadh agus iomláine
- Oibriú ar bhealach gairmiúil agus éifeachtach
- Ár ndúshláin uathúla a bhaint amach agus a bheith nuálach inár gcur chuige
- Trédhearcacht inár gcuid oibre a chothú
- Luach daoine a thuiscint

## 1.8.2 Rialachas Corparáideach

*Ghlac an Oifig go luath leis na forálacha laistigh den Chód Rialachais maidir leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla*

### Cód Cleachtais Rialachas Chorparáidigh

Tá cleachtas rialachais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta bunaithe ar an gCód Cleachtais nuashonraithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2016. Ghlac an Oifig go luath leis forálacha an Chóid maidir leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Tá na forálacha laistigh den Chód glactha mar is cuí ag an Oifig i gcomhthéacs cheanglais an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 2013

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta in 2014 i gcomhréir leis an Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, a fhorálann do shealbhóir aonair oifige gan bhord. Sa chás gur cuí, rinne an Oifig an Cód a oiriúnú ar bhealach a oireann dá struchtúr. Mar shampla, ní bhaineann na riachtanais a bhaineann le ceapacháin bhoird, cruinnithe boird, agus coistí boird leis an Oifig ach tugann an Rialálaí faoi fheidhmeanna ábhartha boird, ar nós buiséid bhliantúla a fhaomhadh agus tuairisciú leis an Aire ar comhlíonadh fhreagrachtaí na hOifige.

Iontráladh Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh, maolú agus oiriúnuithe ina measc a oireann do struchtúr na hOifige, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a rinne comhlíonadh an Chóid ag an Oifig seo a chomhaontú agus a dhoiciméadú go foirmiúil.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Tá an Oifig seo san áireamh in Ionstraim Reachtúil Uimhir 36 de 2015 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Rinne an Rialálaí agus an fhoireann ábhartha a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin reachtaíocht seo.

### Nochtadh Cosanta

I gcomhréir le hAlt 214 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, bhunaigh an Oifig nósanna imeachta agus coimeádann sí iad chun nochtadh cosanta a dhéanamh maidir leis an Oifig agus a hobair agus chun déileáil leis an nochtadh sin.

I dtaca le 2017, ní dhearnadh aon nochtadh leis an Oifig seo faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

## 1.8.3 Acmhainní agus Soláthar Foirne

### Cistiú

Tá oibríochtaí an Rialálaí cistithe ag tobhach a ghearrtar ar an Oibreoir i gcomhréir le hAlt 24 den Acht. Socraíodh an tobhach don bhliain 2015, an chéad bhliain iomlán d'oibríochtaí, sa Cheadúnas ag €1,500,000. Ina dhiaidh sin, déantar é a innéacsú gach bliain ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí.

Ba é an tobhach don bhliain 2017 €1,495,500.

### Foireann

Tá smachtbhanna ón Aire ag an Rialálaí do dheichniúr foirne (an Rialálaí san áireamh). Ag deireadh 2017, líonadh 6 phost agus bhí 4 fholúntas ann. Bhí na 4 fholúntas go léir sa limistéar riaracháin.

Sa ráithe dheireanach in 2017, thug an Rialálaí faoi chleachtadh um pleanáil an lucht saothair d'fhonn foghlaim ó eispéireas na hOifige go dtí seo ar na scileanna agus taithí a theastaíonn ar bhonn intí agus earcaíocht agus coinneáil na foirne oiriúnaí a bhaint amach. D'eascair cás gnó as an gcleachtadh seo chun roinnt de na poist cheadaithe a athstruchtúrú. Seoladh an cás gnó chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2018 le haghaidh fhaomhadh an Aire. Fuarthas faomhadh in Aibreán 2018. Beidh deichniúr foirne ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta nuair a líonfar na poist athstruchtúrtha agus athghrádaithe i ndiaidh earcaíochta.

## 1.8.4 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaigh agus cuireadh Cuntais Bhliantúla an Rialálaí don bhliain 2017 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas lena n-iniúchadh. Tá na cuntais seo iniúchta agus leagtha amach i Mír 2 den cháipéis seo.

Mhaoirsigh an Rialalaí na ráitis airgeadais bhliantúla agus saincheisteanna beartas cuntasaíochta, bainistíochta riosca, rialaithe inmheánaigh agus luacha ar airgead.

## 1.8.5 Iniúchóireacht Inmheánach

Chomhaontaigh an Rialálaí clár iniúchtaí inmheánacha a rinne EisnerAmper, iniúchóirí ceaptha inmheánacha na hOifige, i 2017. Rinne iniuchóirí inmheánacha líon iniúchtaí ar leithligh ar rialuithe inmheánacha, bainistíocht riosca agus comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 agus cuireadh tuarascálacha faoi bhráid an Rialálaí. D'ullmhaigh feidhmeannach an Rialálaí pleananna gníomhaíochta chun dul i ngleic le torthaí na n-iniúchtaí.

## 1.8.6 Bainistíocht Riosca

Tá an Oifig agus ina ról agus ina cuid feidhmeanna nochta d'éagsúlacht rioscaí straitéiseacha, oibríochtúla agus airgeadais. D'fhéadfadh na rioscaí seo teacht chun cinn ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha agus d'fhéadfaidís éifeacht a bheith acu ar chumas na hOifige a cuspóirí a bhaint amach nó cosc a chur le hiad a bhaint amach.

Ar aon dul le dea-chleachtas, tá beartas bainistíochta riosca ag an Oifig chun na rioscaí atá ann a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Tá Coiste Riosca curtha ar bun; is é an ról atá aige ná comhairle a chur ar an Rialálaí ar chúrsaí riosca ag cinntiú go bhfuil córais leordhóthanach i bhfeidhm. Déanann an Coiste Riosca monatóireacht ar Chlár Rioscaí Corparáideach ar bhonn leanúnach agus nuashonraíonn sé é. Déanann an Coiste athbhreithniú ar an gClár Rioscaí go bliantúil. Déantar athbhreithniú ar rioscaí arda, rioscaí nua agus rioscaí atá ag athrú ar an gClár Rioscaí dhá uair sa bhliain chomh maith.

## 1.8.7 Ceanglais Reachtaíochta

### Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an Rialálaí reachtaíocht na dTeangacha Oifigiula.

## Saoráil Faisnéise

Tháinig an Rialálaí faoi scóip an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 an 14 Aibreán 2015. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig atá cothrom le dáta leis an reachtaíocht reatha a rialaíonn iarratas um Shaoráil Faisnéise. I gcomhlíonadh Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an Oifig Scéim Foilsithe le haird ar phrionsabail na hoscailte, na trédhearcachta agus na cuntasachta.

Fuair an Oifig 13 hiarraidh um shaoráil faisnéise le linn 2017; níor bhain aon chinn de na hiarrataí seo le faisnéis phearsanta. Astu seo, rinneadh athbhreithniú inmheánach ar 2 iarraidh agus rinneadh achomharc ar 1 iarraidh le hOifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF), a dhearbhaigh cinneadh chinnteoir na hOifige seo go hiomlán. Foilsítear sonraí faoi iarrataí neamhphearsanta i Logleabhar um Shaoráil Faisnéise an Rialálaí, atá ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige seo, agus tá cóip de chinneadh an OCF ar fáil ann, chomh maith. Féach: http://www.rnl.ie/about-us/freedom-of-information/

## Ídiú Fuinnimh

Tá oifig amháin ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta atá suite i Ionad Irish Life. Tá an oifig suite ar an gcéad urlár i bhfoirgneamh oifige iláitithe. Níl an t-achar urláir atá léasaithe níos mó ná 1,000 méadar cearnach ina bhfuil Deimhniú Fuinneamh Taispeána ag teastáil.

Tuairiscíonn an Rialálaí ar fheidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana Éireann faoi I.R. Uimh. 542/2009 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Fuinnimh agus Éifeachtúlacht ar Úsáid Deiridh Fuinnimh), 2009.

In 2017, d'úsáid Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta 26.04 Mwh d'fhuinneamh ina raibh an méid seo a leanas:

- 11.44 MWh de leictreachas agus
- 14.60 MWh de bhreoslaí iontaise (téamh)

# Aguisín A: Caighdeáin Feidhmíochta PLI

Tá an t-eolas seo tógtha ó Thuarascáil a chuir an tOibreoir ar fáil don Rialálaí.

| An Bhliain go dtí an 31 Nollaig 2017 | Caighdeán | Feidhmíocht a Baineadh Amach | Tuar don Bhliain 2018 |
|---|---|---|---|
| **Ríomhchórais** | | | |
| Teirminéal ar fáil chun ticéid a dhíol* | Fáil 99% | 99.99% | 99.5% |
| Fáil ar chóras cluichíochta | Fáil 99% | 99.99% | 99.5% |
| Fáil ar láithreán gréasáin | Fáil 99% | 99.93% | 99.5% |
| **Íocaíocht Duaise** | | | |
| Éilimh níos mó ná €1,000 íoctha le seic tar éis cuairt a thabhairt ar Cheanncheathrú an Chrannchuir Náisiúnta | 95% laistigh de 3 bliana<br>5% laistigh de 20 lá oibre | 100% | 98%<br>2% |
| Éilimh níos mó ná €1,000 íoctha le seic tar éis éileamh poist | 95% laistigh de 5 lá<br>5% laistigh de 20 lá | 100% | 98%<br>2% |

**Idir 7am agus 10am gan sos tarraingthe a áireamh, 7 lá sa tseachtain, gan Lá Nollag agus éaradh réamhshocraithe a áireamh.*

| An Bhliain go dtí an 31 Nollaig 2017 | Caighdeán | Feidhmíocht a Baineadh Amach | Tuar don Bhliain 2018 |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí Imreora – Teagmháil Ghutha** | | | |
| Fáil ar an tseirbhís* | Fáil 99% | 100% | 100% |
| Glaonna freagartha laistigh de 30 soicind | 70% | 93.22% | 90% |
| **Imreoir Seirbhísí – Teagmháil Scríofa** | | | |
| Fáil ar an tseirbhís* * | Fáil 99% | 100% | 100% |
| Litreacha freagartha laistigh de 5 lá oibre | 80% | 90.08% | 80% |
| Ríomhphoist freagartha laistigh de 2 lá oibre | 80% | 94.40% | 95% |
| Freagairtí tugtha ar ghearáin laistigh de 10 lá oibre | 95% | 100% | 95% |
| Gearáin agus fiosrúcháin réitithe ar an gcéad iarracht | 80% | 96.72% | 95% |

** Idir 8am agus 8pm gan sos tarraingthe a áireamh, 7 lá sa tseachtain, gan Oíche Nollag, Lá Nollag agus Lá Caille a áireamh*

*** Idir 9:15am agus 5:30pm, ó Luan go hAoine, gan Oíche Nollag agus saoirí poiblí a áireamh.*

# Aguisín B: Tuarascálacha Rialta a fuarthas ón Oibreoir

| Tuarascáil | Minicíocht |
|---|---|
| Tuarascáil Bhliantúil ar Chúiseanna Maithe agus Tuarascáil na nIniúchóirí Seachtracha air sin | Gach Bliain |
| Cuntais Iniúchta Premier Lotteries Ireland DAC | Gach Bliain |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Seachtracha ar Rialuithe Inmheánacha PLI | Gach Bliain |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Seachtracha ar Pháirtithe Gaolmhara PLI | Gach Bliain |
| Tuarascáil ar Chaighdeáin Feidhmíochta Bliantúla | Gach Bliain |
| Plean Bliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí | Gach Bliain |
| Buiséad Bliantúil Bonnmhargaíochta | Gach Bliain |
| Tuarascáil ar Ghníomhaíocht Bhliantúil | Gach Bliain |
| Cuntais Bhainistíochta Mhíosúla | Gach Mí |
| Tuarascáil ar Limistéir Shlána | Gach Mí |
| Tuarascáil ar Logleabhar Míosúil Teagmhais TF | Gach Mí |
| Luas Íocaíochtaí Duaise | Gach Mí |
| Nuashonruithe ar Chur Síos | Gach Mí |
| Athruithe ar Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Sinsearacha | Gach Mí |
| Tuarascáil ar Dhuaiseanna Neamhéilithe | Tréimhsiúil |
| Tuarascáil ar Mhargaíocht Incriminteach | Gach Bliain |
| Tuarascáil ar Ghearáin | Gach Mí |
| Tuarascáil ar Chúiseanna Maithe | Ráithiúil |
| Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí | Ráithiúil |
| Miontuairiscí Chruinnithe an Choiste Riosca Iniúchóireachta agus Slándála | Ráithiúil |
| Nuashonrú ar Ghearáin | Gach Seachtain |
| Nuashonrú Trádála agus TF | Gach Seachtain |
| Socraíochtaí Seachtainiúla | Gach Seachtain |
| Tuarascáil ar Dhuaiseanna Seó Cluiche Teilifíse | Gach Seachtain |
| Tuarascáil an Choiste Riosca Iniúchóireachta agus Slándála ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh PLI | Gach Bliain |
| Litir rannpháirtíochta leis an Iniúchóir Seachtrach | Gach Bliain |
| Cláir Rioscaí (Corparáideach agus TF) | Gach Bliain |
| Tuarascáil Mhéadrachta an Ionaid Teagmhála | Gach Mí |
| Tuarascálacha ar Chosaint Imreoirí | Ráithiúil |
| Deimhniú Bliantúil Cuntais Bhainc | Gach Bliain |
| Tuarascálacha Deiridh ar Chluichí Scríobchárta | Ag Deireadh an Chluiche |

# Aguisín C: Iarrataí ar Fhaomhadh nó Toiliú faoin gCeadúnas

Faighte ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017

| Iarraidh Uimh. | Dáta | Faomhadh ag Teastáil | Faisnéis faoi Chluiche/Sheirbhís | Leasaithe/ Breis Fais. Iorgtha | Stádas an 31 Nollaig 2017 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Ar Siúl | Aistarraing | Faofa | Diúltaithe |
| 1. | 06/01/17 | Alt 45 | 166 "€100,000 Diamonds" | Níl | | | Faofa | |
| 2. | 08/03/17 | Alt 45 | 161 Winning Streak (Leasaithe) | Tá | | | Faofa | |
| 3. | 10/03/17 | Alt 45 | 174 €2 Monopoly | Tá | | | | Diúltaithe |
| 4. | 10/03/17 | Alt 45 | 173 €3 Monopoly | Tá | | | | Diúltaithe |
| 5. | 10/03/17 | Alt 45 | 172 €5 Monopoly | Tá | | | | Diúltaithe |
| 6. | 10/03/17 | Alt 45 | 171 €10 Monopoly | Tá | | | | Diúltaithe |
| 7. | 15/03/17 | Clásal 14 | Scéim chun Sraitheanna Liathróidí Nua Crannchuir a Chalabrú agus a Thástáil | Tá | | Aistarraing | | |
| 8. | 23/03/17 | Alt 45 | 176 Holiday Cash | Tá | | | Faofa | |
| 9. | 24/03/17 | Alt 45 | Síneadh le faomhadh sealadach CBTanna - chuig an 30/06/17 | Tá | | | Faofa | |
| 10. | 05/05/17 | Clásal 9.9 | Faomhadh do Ghníomhaíochtaí Ábhartha Promóisin | Níl | | | | Diúltaithe |
| 11. | 12/05/17 | Clásal 9 - Sceideal 5 | Leasú ar an gCód Cleachtais Fógraíochta agus Phromóisin | Tá | | | | Diúltaithe |
| 12. | 18/05/17 | Alt 9 | Treasure Tripler CBT | Níl | | | | Diúltaithe |
| 13. | 18/05/17 | Alt 45 | Keno Multiplier CBT | Níl | | | | Diúltaithe |
| 14. | 18/05/17 | Alt 45 | 176 Holiday Cash (Leasaithe) | Níl | | | Faofa | |
| 15. | 19/05/17 | Clásal 19 | PLI Corporate Matter | Tá | | | Faofa | |
| 16. | 21/06/17 | Alt 45 | 165 All Cash agus 163 All Cash Gold Rialacha Cluiche | Níl | | | Faofa | |
| 17. | 27/06/17 | Alt 45 | Síneadh le faomhadh sealadach CBTanna - chuig an 30/09/17 | Níl | | | Faofa | |
| 18. | 04/07/17 | Alt 45 | 178 Winning Streak (Leasaithe) | Tá | | | Faofa | |
| 19. | 06/07/17 | Alt 45 | Christmas Millionaire Raffle 2017 (Cluiche bunaithe ar Tharraingt) | Tá | | | Faofa | |

| Iarraidh Uimh. | Dáta | Faomhadh ag Teastáil | Faisnéis faoi Chluiche/Sheirbhís | Leasaithe/ Breis Fais. Iorgtha | Stádas an 31 Nollaig 2017 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Ar Siúl | Aistarraing | Faofa | Diúltaithe |
| 20. | 07/07/17 | Alt 45 | Leasú ar Rialacha Cluiche (Lotto, Lotto Plus, Daily Million Plus, All Cash agus All Cash Gold) | Tá | | | Faofa | |
| 21. | 26/07/17 | Alt 45 | Seirbhís Suibscríbhinne | Tá | | | | Diúltaithe |
| 22. | 28/07/17 | Alt 45 | 179 Cash Cracker | Tá | | | Faofa | |
| 23. | 28/07/17 | Alt 45 | 181 Merry Money | Tá | | | Faofa | |
| 24. | 28/07/17 | Alt 45 | 182 Christmas Countdown | Tá | | | Faofa | |
| 25. | 28/07/17 | Alt 45 | 180 Hampers Sweets & Treats | Tá | | | Faofa | |
| 26. | 14/08/17 | Clásal 8 - Sceideal 5 | Cód Cleachtais Rannpháirtithe - Winning Streak | Tá | | | Faofa | |
| 27. | 16/08/17 | Alt 45 | 90 Bingo CBT | Tá | | | | Diúltaithe |
| 28. | 17/08/17 | Alt 45 | Téarmaí agus Coinníollacha an Láithreáin Ghréasáin | Níl | | Aistarraing | | |
| 29. | 06/09/17 | Alt 45 | Síneadh le faomhadh sealadach CBTanna - chuig an 31/12/17 | Tá | | | Faofa | |
| 30. | 07/09/17 | Clásal 8 - Sceideal 5 | Cód Cleachtais Díolachán - Winning Streak | Tá | | | Faofa | |
| 31. | 20/09/17 | Alt 45 | Safe Cracker CBT | Tá | | | | Diúltaithe |
| 32. | 27/09/17 | Clásal 18.3 | Conradh Seirbhísí Fógraíochta Cruthaithí | Tá | | | Faofa | |
| 33. | 13/10/17 | Alt 45 | 178 Winning Streak (Leasaithe) | Tá | | | Faofa | |
| 34. | 19/10/17 | Alt 45 | 197 Zodiac Fortune | Tá | | | | Diúltaithe |
| 35. | 10/11/17 | Clásal 8 - Sceideal 5 | Cóid Chleachtais Díolachán - Athbhreithniú Bliantúil | Tá | Ar Siúl | | | |
| 36. | 10/11/17 | Clásal 8 - Sceideal 5 | Cóid Chleachtais Rannpháirtithe - Athbhreithniú Bliantúil | Tá | Ar Siúl | | | |
| 37. | 14/11/17 | Alt 45 | Síneadh le faomhadh sealadach CBTanna - chuig an 31/03/18 | Níl | | | Faofa | |
| 38. | 16/11/17 | Clásal 9 - Sceideal 5 | Cód Cleachtais Fógraíochta agus Phromóisin - Athbhreithniú Bliantúil | Tá | Ar Siúl | | | |
| 39. | 27/11/17 | Alt 45 | Crossword CBT | Níl | | Aistarraing | | |
| 40. | 07/12/17 | Alt 45 | 167 Lucky 7s | Tá | Ar Siúl | | | |
| 41. | 08/12/17 | Alt 45 | 196 Diamond Delux Doubler | Tá | Ar Siúl | | | |

[shaded box] = Iarraidh a bhain le cluiche

# 2. Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

## Ráitis Airgeadais 2017

# Faisnéis Ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta** | Carol Boate |
| **Seoladh** | Bloc D<br>Ionad Cuideachta<br>Bheatha na hÉireann<br>D01 W2H4 |
| **Baincéirí** | AIB cpt.<br>40/41 Sráid Westmoreland<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 VY45 |
| | Banc na hÉireann<br>6 Sráid Uí Chonaill Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 1,<br>D01 X324 |
| **Aturnaetha** | Mason Hayes & Curran<br>Teach Bhanc Theas<br>Sráid Barrow<br>Baile Átha Cliath 4<br>D04 TR29 |
| | Byrne Wallace<br>87/88 Sráid Fhearchairt<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 DK18 |
| **Iniúchóirí** | Ard - Reachtaire Ciste agus Cuntas<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Tuairim ar ráitis airgeadais**

Tá ráitis airgeadais Rialalaí an Chrannchuir Náisiúnta iniúchta agam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha alt 22 d'Acht um Chrannchuir Náisiúnta 2013. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus ráiteas ar chúlchisití ioncaim coimeádta
- ráiteas maidir le staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta amhail 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2017 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

**Bunús don Tuairim**

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAnna) mar a d'fhógair Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchta Uachtaraigh. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ó Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitice eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchta a fuaireamar agus tá sé cuí chun bunús do mo thuairim a sholáthar.

**Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais , agus ar ábhair eile**

Chuir Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. I gceist anseo tá an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialú inmheánach agus an ráiteas rialachais agus an ráiteas freagrachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí a thuairisciú maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a thuairiscím trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis seo.

**Josephine Mooney**
**Do agus thar ceann**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

19 Meitheamh 2018

# Aguisín le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Freagrachtaí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (an Rialálaí)**

Sa ráiteas ar rialachas agus sa ráiteas maidir le freagrachtaí, leagtar amach freagrachtaí an Rialálaí. Tá an Rialálaí freagrach as

- na ráiteas airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cheart úsáid a bhaint as bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta, agus
- amhail rialú inmheánach a mheasann an Rialálaí a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá sé de dhíth orm faoi alt 22 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus tuairisciú a dhéanamh orthu agus a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus atá iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is dearbhú ardleibhéil é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míráiteas ábhartha i gcónaí, nuair a bhíonn siad ann, fiú nuair a dhéantar an t-iniúchadh de réir ISAnna. Féadtar míráiteas teacht as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go bhféadtar a mheas go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, déanaim breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus sceipteachas gairmiúil a choinneáil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le mí-thuairisciú ábhartha ar na ráitis airgeadais cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid; dearaim agus déanaim na nósanna imeachta iniúchta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim sách fianaise iniúchta cuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an baol níos airde nach mbraithfí mífhaisnéis as calaois ná mar a bhraithfí mífhaisnéis as earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh thoiliúla, mífhaisnéis, nó maolú de rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht meastachán cuntasaíochta agus nochtadh gaolmhar.
- Tagaim i gcrích ar oiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras mór a bheith aige ar chumas Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach. Má thagaim gcrích go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ní mór dom aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtadh den sórt sin neamhleor, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin , féadfaidh imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí a bheith ina chúis le Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta deireadh a chur ar leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach.

# Aguisín le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear nochtadh, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thabharfaidh cur i láthair cothrom

Cuirim in iúl do Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, i measc nithe eile, raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí iniúchta suntasacha, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

**Faisnéis seachas na ráitis airgeadais**

I mo thuairim ar na ráitis airgeadais, ní chuimsítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin agus, ní chuirim in iúl aon chineál de chonclúid dearbhaithe air sin.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orm faoi na ISAanna ná an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair a léamh agus, atá é sin á dhéanamh againn, breithniú a dhéanamh cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an míluaitear ár n-eolas a fuarthas sna iniúchadh nó a mhalairt. Más rud é go bhfuil, bunaithe ar an obair a rinne mé, tagaim go dtí an tuairim go bhfuil míthuiscint ábhartha den eolas eile seo, ní mór dom an fíoras sin a thuairisciú.

**Ag tuairisciú ar ábhair eile**

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má bhíonn ábhair ábhartha i gceist maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Iarraim ar fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím má bhíonn aon chás ábhartha ann mura bhíonn airgead poiblí curtha i bhfeidhm maidir leis na cuspóirí atá beartaithe nó i gcás nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin de réir eisceacht más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach ionas go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas Ar Rialú Inmheánach

## Raon feidhme Freagrachta

Admhaím m'fhreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i ndáil le hOifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta. Leis an bhfreagracht seo, cuirtear san áireamh an ceanglas a bhaineann le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go bhfuil na sócmhainní faoi chosaint, agus go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar nó go mbraitear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, faoin treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Cumas maidir le Riosca a Láimhseáil

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 mar shealbhóir oifige amháin. Faoi reacht ní chuimsítear Bord san Oifig.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaigh bunaithe ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a bhfuil acmhainní leordhóthanach aici agus tugann sí faoi chlár oibre arna gcomhaontú liom.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag Oifig Rialálaí ina leagtar amach an t-inghlactha riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá an polasaí eisithe ar an bhfoireann go léir a bhfuiltear ag súil go mbeidís ag obair laistigh de pholasaí bainistíochta Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, chun bainistíocht a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin a mhaolú, a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm, lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus aithníodh na rioscaí sin, rinneadh meastóireacht orthu agus tugadh grád dóibh de réir a dtábhachta. Déanann an Rialálaí an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú trí huaire sa bhliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár riosca tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus chun freagrachtaí as rialuithe a shannadh don fhoireann ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh doiciméadú de na nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó ar fad,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choimeádtar faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a áirithiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

# Ráiteas Ar Rialú Inmheánach

## Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach agus bainistíocht a dhéanamh go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus chun aon easnamh aitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla maidir le feidhmíocht agus airgeadas lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad / réamhaisnéisí.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta d’fhonn comhlíonadh a chinntiú le rialacha agus treoirlínte soláthair reatha agus go gcomhlíon Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta leis na nósanna imeachta sin i rith 2017

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta e chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta agus rialaithe um bainistíocht riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh d’Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearnadh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh i leith 2017 agus críochnaíodh é faoin 31 Márta 2018.

## Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2017 lena n-éilítear nochtadh sna ráitis airgeadais.

Carol Boate

**Carol Boate**
**Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta**

**Dáta** 15 Meitheamh 2018

# Ráiteas Ar Rialachas Agus Ráiteas Ar Fhreagrachtaí An Rialálaí

## Rialachas

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 ("an tAcht"). Tá feidhmeanna an Rialálaí leagtha amach in Alt 9 den Acht. Beidh an Rialálaí, faoi réir an Achta, neamhspleách maidir lena feidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an Rialálaí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomhcheisteanna gnó go léir. Tá an Rialálaí freagrach don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Rialálaí agus an fhoireann bhainistíochta sinsearach freagrach as an mbainistíocht, rialú agus treoir rialta d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ó lá go lá. Ní mór don fhoireann bainistíochta sinsearach an treo straitéiseach leathan a leagann an Rialálaí síos a leanúint. Caithfidh an Rialálaí a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag an bhfoireann bainistíochta sinsearaí ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

## Freagrachtaí an Rialálaí

Tá obair agus freagrachtaí an Rialálaí leagtha amach san Acht. Le hAlt 22 den Acht, éilítear ar an Rialálaí, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais chuí is gnách a choimeád maidir le hairgead a fuarthas agus a caitheadh ionas go ndéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh air.

Cún na ráitis airgeadais á n-ullmhú, éilítear ar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta i bhfeidhm; agus
- a lua go leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Rialálaí freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ina nochtar, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a seasamh airgeadais agus a éascaíonn dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAlt 22 den Acht. Tá an Rialálaí freagrach as na ráitis airgeadais sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh agus le cur i láthair na ráiteas airgeadais seo agus tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don Aire, mar aon le tuarascáil ón Rialálaí maidir le feidhmíocht dá feidhmeanna.

Tá an Rialálaí freagrach as cothabháil na faisnéise corparáidí agus airgeadais faoi Oifig an Rialálaí ar láithreán gréasáin an Chrannchuir Náisiúnta.

Tá an Rialálaí freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a cheadú.

Tá an Rialálaí freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint, agus dá bhrí sin chun bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Rialálaí go dtugann ráitis airgeadais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta léargas fíor agus ceart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta amhail an 31 Nollaig 2017.

# Ráiteas Maidir Le Rialachas Agus Ráiteas Maidir Le Freagrachtaí An Rialálaí

Tá dhá choiste bunaithe ag an Rialálaí, mar seo a leanas:

1. **An Coiste Airgeadais:** comhdhéanta de Leas-Rialálaí/ Ceann Iniúchta agus Airgeadais, an Cuntasóir agus an Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha le comhairleoir seachtrach i láthair agus an Rialálaí le ceart freastail. Is é ról an Choiste Airgeadais ná comhairle a thabhairt don bhainistíocht shinsearach ar ábhair a bhaineann le hairgead agus cuntasaíocht na hOifige, brabaigh tríú páirtí agus déileáil le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha na hOifige. Tionóladh sé chruinniú den Choiste Airgeadais le linn 2017.

2. **Coiste Riosca:** comhdhéanta den fhoireann bainistíochta sinsearaí (sé bhall). Is é ról an Choiste Riosca ná tacú leis an Rialálaí maidir lena freagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca agus rialaithe. Tionóladh trí chruinniú den Choiste Riosca le linn 2017.

## Príomh-Athruithe Pearsanra

Ceapadh an chéad Rialálaí, Liam Sloyan, an 17 Samhain 2014 agus d'éirigh sé as an 3 Bealtaine 2017. Ceapadh mé mar Rialálaí don Chrannchur Náisiúnta an 9 Deireadh Fómhair 2017. Thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi fheidhmeanna an Rialálaí le linn na tréimhse nuair a bhí seasamh an Rialálaí folamh, de réir Alt 8 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013.

**Nochtadh a Éilítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Rialálaí freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Leis an gCód, éilítear na nochtadh seo a leanas.

## Sochair Fostaithe Chomhiomlána

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha na foirne | 466,652 | 522,050 |
| Sochair foirceanta | - | - |
| Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra | 89,288 | 87,732 |
| Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialach | 46,503 | 52,030 |
| | **602,443** | **661,812** |

B'ionann líon iomlán foirne a bhí fostaithe (WTE) ag deireadh na bliana agus 6 (2016: 8).

## Sochair Ghearrthéarmacha na Foirne

| Baineann sochair ghearrthéarmacha na foirne go léir le pá bunúsach | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Pá bunúsach | **466,652** | **522,050** |

# Ráiteas Maidir Le Rialachas Agus Ráiteas Maidir Le Freagrachtaí An Rialálaí

## Sochair Foirceanta

Ní dhearnadh aon sochar foirceanta i rith na bliana.

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe

Déantar sochair gearrthéarmacha na fostaithe de bhreis ar € 60,000 a rangú sna bannaí seo a leanas:

**Raon na Sochar Iomlán d'Fhostaithe**
**(gan costais pinsin fostóra a áireamh)**

| | | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go** | | |
| **€** | | **€** | **2017** | **2016** |
| 60,000 | - | 69,999 | - | 2 |
| 70,000 | - | 79,999 | 3 | 1 |
| 80,000 | - | 89,999 | 1 | 1 |
| 90,000 | - | 99,999 | - | - |
| 100,000 | - | 109,999 | - | - |
| 110,000 | - | 119,999 | - | 1 |

## Príomh-Phearsanra Bainistíochta

Tá príomhphearsanra bainistíochta in Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta comhdhéanta den Rialálaí agus cúigear bainisteoir sinsearacha.

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tuarastal | 425,189 | 445,640 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra | 86,440 | 89,493 |
| | **511,629** | **535,133** |

Tá an príomh-phearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim phinsin Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin níos faide ná téarmaí shamhail scéim pinsin na seirbhíse poiblí.

# Ráiteas Maidir Le Rialachas Agus Ráiteas Maidir Le Freagrachtaí An Rialálaí

## Tuarastal agus Sochair an Rialálaí

Bhí pacáiste luach saothair an Rialálaí don tréimhse airgeadais mar seo a leanas:

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Pá bunúsach | 69,690 | 113,697 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra | 16,991 | 28,640 |
| | **86,681** | **142,337** |

Mar atá thuasluaite sna hAthruithe ar Phríomh-Phearsanra, d'éirigh an tIar-Rialálaí as an 3 Bealtaine 2017 agus ceapadh an Rialálaí nua an 9 Deireadh Fómhair 2017. Is iad na suimeanna a nochtar thuas na méideanna iomlána de luach saothair an Rialálaí sa tréimhse airgeadais. Fuair an tIar-Rialálaí íocaíochtaí tuarastail de € 46,778 do 2017 (2016: € 113,697) agus fuair an Rialálaí nua íocaíochtaí tuarastail de € 22,912 do 2017 (2016: nialas).

Mar atá thuasluaite sna hAthruithe ar Phríomh-Phearsanra, tá an Rialálaí ina bhall de scéim phinsin Oifig an Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin níos faide ná téarmaí shamhail scéim pinsin na seirbhíse poiblí.

## Costais Chomhairliúcháin

San áireamh sna táillí gairmiúla sna ráitis airgeadais de € 119,403 (2016: € 139,438) tá na costais chomhairliúcháin agus ia ionann iad sin agus costas comhairle sheachtraigh don Rialálaí agus níl feidhmeanna "gnó-mar is gnách" seachfhoinsithe san áireamh.

| **Costais Chomhairliúcháin** | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Seirbhísí dlí | 56,275 | 72,161 |
| Comhairle chánach agus airgeadais | 4,476 | 15,528 |
| Comhairliúchán an chrannchuir | 2,747 | 10,962 |
| TF agus Eile | 22,473 | 9,512 |
| | **85,971** | **108,163** |

Baineann na suimeanna uile a nochtadh mar seirbhísí dlí le táillí dlí.

## Taisteal agus Cothú

| **Taisteal agus Cothú** | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Intíre | 86 | 144 |
| Idirnáisiúnta | 972 | 1,144 |
| | **1,058** | **1,288** |

Íocadh €430 (2016: €518) den méid thuas leis an tIar-Rialálaí. Níor íocadh aon chostais eile leis an Rialálaí.

# Ráiteas Maidir Le Rialachas Agus Ráiteas Maidir Le Freagrachtaí An Rialálaí

## Caiteachas Fáilteachais

Íocadh méid de €277 (2016: € 217) i leith fáilteachais foirne.

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Chomhlíon Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, leis na heisceachtaí seo a leanas:

- Tá Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ina shealbhóir oifige amháin. Tá comhlíonadh na gcodanna sin den Chód a dhéileálann le Boird, struchtúir an Bhoird agus Cathaoirligh bainte amach trí leasú a dhéanamh ar an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta chun sealbhóir oifige amháin a aithint.
- Comhlíontar ceanglais an Chomhaontaithe Maoirseachta agus an Chomhaontaithe um Seachadadh Feidhmíochta trí chomhaontú leis an DPER de Chomhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta.

Carol Boate

**Carol Boate**
**Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta**

**Dáta** 15 Meitheamh 2018

# Ráiteas Maidir Le Hioncam Agus Caiteachas Agus Ráiteas Ar Chúlchisití Ioncaim Coimeádta

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2017 € | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2016 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 3 | 1,495,500 | 1,495,500 |
| Costais Riaracháin | 4 | (960,614) | (1,050,826) |
| **Barrachas oibriúcháin** | | 534,886 | 444,674 |
| Ús infhaighte | | 109 | 129 |
| **Barrachas don bhliain** | | **534,995** | **444,803** |
| | | | |
| **Tuilleamh coinnithe ag tús na bliana** | | **1,351,136** | **906,333** |
| **Tuilleamh coinnithe ag deireadh na bliana** | | **1,886,131** | **1,351,136** |

Sa ráiteas ioncaim, áirítear na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta uile don bhliain reatha agus don tréimhse roimhe sin agus eascraíonn siad as oibríochtaí leanúnacha

Tá na nótaí ar leathanaigh 1 go 12 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.



**Carol Boate**
**Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta**

**Dáta** 15 Meitheamh 2018

# Ráiteas Maidir Le Staid Airgeadais

## amhail 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ NEAMH-REATHA** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 6 | 10,900 | 18,057 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Féichiúnaithe | 7 | 110,331 | 106,203 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 2,174,626 | 1,611,253 |
| | | 2,284,957 | 1,717,456 |
| **CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh de bhliain)** | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 8 | (409,726) | (384,377) |
| **GLAN-SÓCMHAINNÍ REATHA** | | 1,875,231 | 1,333,079 |
| **GLAN-SÓCMHAINNÍ** | | **1,886,131** | **1,351,136** |
| **IONADAITHE AG** | | | |
| Tuilleamh coinnithe carntha | 10 | **1,886,131** | **1,351,136** |

Tá na nótaí ar leathanaigh 1 go 12 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Carol Boate

**Carol Boate**
**Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta**

**Dáta** 15 Meitheamh 2018

# Ráiteas Maidir Le Sreafaí Airgid 11

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

| | Nótaí | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2017 € | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2016 € |
|---|---|---|---|
| **Glan-sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin don bhliain | | 534,886 | 444,674 |
| Dímheas | 6 | 11,770 | 10,362 |
| (Méadú) / Laghdú i bhféichiúnaithe | | (4,128) | 930,632 |
| Méadú / (Laghdú) i gcreidiúnaithe | | 25,349 | 123,075 |
| **Glan-insreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 567,877 | 1,508,743 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, plandaí agus trealamh a fháil | 6 | (4,613) | (4,159) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús a fuarthas | | 109 | 129 |
| **Méádú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **563,373** | **1,504,713** |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana** | | **1,611,253** | **106,540** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana | | **2,174,626** | **1,611,253** |

Tá na nótaí ar leathanaigh 1 go 12 ina gcuid de na ráitis Airgeadais seo.



**Carol Boate**
**Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta**

**Dáta** 15 Meitheamh 2018

# Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach i rith na bliana agus le linn na tréimhse roimhe sin.

### (a) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ("FRS 102") arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

### (b) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

### (c) Ioncam Tobhaigh

Is éard atá san ioncam tobhaigh ná an méid is infhaighte faoin gceadúnas ag an Rialálaí ó oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta i leith na tréimhse.

### (d) Aitheantas den Chaiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe mar a thabhaítear é.

### (e) Maoin, gléasra agus trealamh

Sonraítear maoin, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas, a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, a ríomh chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré úsáideacha measta, faoin modh líne dhíreach, ag ráta bliantúil de 33 ⅓% le haghaidh trealamh ríomhaireachta agus córas teileafóin agus 20% le haghaidh gach sócmhainn eile ó dháta an éadála.

### (f) Airgeadraí Eachtracha

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€).

Déantar idirbhearta ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro i rith na bliana agus cuimsítear iad sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro ag rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe agus cuirtear na gnóthachain agus na caillteanais a eascraíonn mar thoradh air sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

# Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

### (g) Sochair d'fhostaithe

**Sochair ghearrthéarmacha**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus tá sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh sna figiúirí Creidiúnaithe agus fabhruithe sa Ráiteas Airgeadais.

**Sochair scoir**
Leis an Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013, foráiltear go bhféadfaidh an Rialálaí coinníollacha seirbhíse na foirne a chinneadh, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoi láthair tá an Rialálaí ag socrú socruithe pinsin i leith na bhfostaithe go léir i gcomhar leis an Roinn agus tá sé ag déanamh na n-asbhaintí is gá ó thuarastail, atá á gcoimeád ag an Rialálaí chun iad a tharchur chuig an Roinn amach anseo, ach ní aithnítear mar ioncam iad. Tá an Rialálaí ag soláthar ranníocaíochtaí fostóra ag ráta 25% i gcomhair Scéim neamh-Aonair agus ag ráta ranníocaíochtaí trí huaire ranníocaíochtaí na bhfostaithe do bhaill na Scéime Aonair. Faoi réir thabhairt chun críche na socruithe leis an Roinn, ní mheasann an Rialálaí gur dócha go gceanglófar ar oifig an Rialálaí acmhainní a aistriú a chuimsíonn sochair eacnamaíocha (seachas gnáth-ranníocaíochtaí na bhfostóirí) le haghaidh sochair is iníoctha le baill. Ní mheastar go n-eascróidh riosca achtúireach agus riosca infheistíochta d'oifig an Rialálaí.

Mar thoradh air sin, is é an beartas cuntasaíochta maidir le pinsin ná iad a chóireáil mar phlean ranníocaíochta sainithe de réir FRS 102. Féach ar nóta 9 le haghaidh tuilleadh sonraí.

### (h) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla

Le hullmhú na ráiteas airgeadais, bíonn gá ar an mbainistíocht breithiúnas, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh, a dhéanann difear do na suimeanna a thuairiscítear do shócmhainní agus do dhliteanais amhail dáta an ráitis maidir le staid airgeadais agus na suimeanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin gur féidir na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas maidir le méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**
Tá athbhreithniú déanta ag an Rialálaí ar shaol úsáideach agus ar luachanna iarmharacha bainteacha na ranganna sócmhainne uile agus tháing sé chun conclúide go bhfuil na saolta úsáideacha agus na luachanna iarmharacha cuí.

## 2. Bunú d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

Bunaíodh Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, atá suite ag Bloc D Ionad Irish Life, Baile Átha Cliath 1, faoi Alt 7 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 agus tugtar Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar shealbhóir na hOifige. Ceapadh an chéad Rialálaí ar an gCrannchur Náisiúnta an 17 Samhain 2014 agus d'éirigh sé as an 3 Bealtaine 2017. Ceapadh an dara Rialtálaí ar an gCrannchur Náisiúnta an 9 Deireadh Fómhair 2017.

Cuirtear i láthair na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 Tá méideanna comparáideacha i leith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016.

Tá mionsonraí maidir le hoibríochtaí an Rialálaí agus a phríomhghníomhaíochtaí san áireamh i dTuarascáil an Rialálaí i gCuid 1.

# Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

## 3. Ioncam

Le hAlt 24 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013 foráiltear do thobhach bliantúil a íoc ag oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta leis an Rialálaí. Is ionann méid an tobhaigh, mar a shonraítear sa cheadúnas leis an oibreoir, €1,500,000 in aghaidh na bliana, faoi réir innéacsaithe leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Le haghaidh 2017, chuir an t-oibreoir an meán Praghasinnéacs Tomhaltóirí de 0.0% i bhfeidhm don 12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2016 mar atá foilsithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh an 19 Eanáir 2017.

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---:|---:|
| Ioncam tobhaigh don bhliain | 1,495,500 | 1,495,500 |

## 4. Costais Riaracháin

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---:|---:|
| Tuarastail agus costais foirne | 602,443 | 661,812 |
| Táillí Gairmiúla (Nóta 5) | 119,403 | 139,438 |
| Iniúchóireacht sheachtrach | 10,500 | 10,500 |
| Iniúchóireacht inmheánach | 18,590 | 9,229 |
| Cíos, muirir sheirbhíse agus cothabháil | 123,801 | 119,592 |
| Glanadh, teas agus solas | 5,858 | 5,381 |
| Árachais | 18,776 | 21,117 |
| Taisteal agus cothú | 1,058 | 1,288 |
| Costais earcaíochta | - | (335) |
| Costais oiliúna agus ballraíochtaí | 14,899 | 14,555 |
| Soláthairtí agus trealamh oifige | 5,969 | 15,437 |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | 17,638 | 29,782 |
| Foilseacháin | 3,542 | 6,357 |
| Dímheas | 11,770 | 10,362 |
| Costais riaracháin eile | 6,367 | 6,311 |
| | **960,614** | **1,050,826** |

# Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

## 5. Táillí Gairmiúla

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Seirbhísí dlí | 56,275 | 72,161 |
| Comhairle chánach agus airgeadais | 4,476 | 15,528 |
| Caidreamh poiblí / margaíocht | 29,520 | 29,520 |
| Pinsin agus acmhainní daonna | 3,912 | 1,755 |
| Comhairliúchán an chrannchuir | 2,747 | 10,962 |
| TF agus Eile | 22,473 | 9,512 |
| | **119,403** | **139,438** |

## 6. Maoin, gléasra agus trealamh

| | Trealamh Ríomhairea € | Feistiú Oifige, Troscán & Trealamh € | Teileafón Córas € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Amhail 31 Nollaig 2016 | 26,143 | 5,893 | 4,182 | 36,218 |
| Breiseanna le linn na bliana | 4,613 | - | - | 4,613 |
| Diúscairtí le linn na bliana | - | - | - | - |
| Amhail 31 Nollaig 2017 | 30,756 | 5,893 | 4,182 | 40,831 |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2016 | 14,466 | 1,488 | 2,207 | 18,161 |
| Muirear don bhliain | 9,197 | 1,179 | 1,394 | 11,770 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | - | - | - |
| Amhail 31 Nollaig 2017 | 23,663 | 2,667 | 3,601 | 29,931 |
| **Glanluach Leabhair** | | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2017 | 7,093 | 3,226 | 581 | 10,900 |
| Amhail 31 Nollaig 2016 | 11,677 | 4,405 | 1,975 | 18,057 |

# Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

## 7. Féichiúnaithe

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---:|---:|
| Ioncam fabhraithe | 90,130 | 85,793 |
| Réamhíocaíochtaí | 17,873 | 18,205 |
| Cártaí Taistil | 2,328 | 1,979 |
| Rothaíocht chun na hOibre | - | 226 |
| | **110,331** | **106,203** |

## 8. Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh debhliain amháin)

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---:|---:|
| Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe | 147,345 | 126,532 |
| Soláthar pinsin (Nóta 9) | 178,961 | 187,066 |
| Creidiúnaithe éagsúla / Cárta Víosa | 277 | 217 |
| ÍMAT / ÁSPC | 13,548 | 21,602 |
| Asbhaint a bhaineann le pinsin | 68,511 | 41,803 |
| Asbhaintí Aontais | 161 | 212 |
| Dliteanas PSWT | 800 | 5,829 |
| Dliteanas CBL | 123 | 1,116 |
| | **409,726** | **384,377** |

## 9. Soláthar pinsin

Cuireadh dréacht-scéim pinsean sochair shainithe d'Oifig an Rialtóra, bunaithe ar an Samhail Seirbhíse Poiblí, faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena cheadú an 24 Samhain 2015 agus tá sé ag feitheamh ar cheadú. Gearrtar na ranníocaíochtaí sa bhliain, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostóra de 25% den phá inphinsin don Scéim neamh-Aonair agus trí huaire ranníocaíochtaí fostaithe na Scéime Aonair, ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Déantar na ranníocaíochtaí carntha don Scéim neamh-Aonair a choimeád chun cuntas an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aistrítear ranníocaíochtaí i leith na Scéime Aonair chuig an Státchiste, le haon mhí de riaráistí.

Beidh teidlíochtaí sochair fostaithe mar fheidhm dá seirbhís le hOifig an Rialálaí agus a gcuid seirbhíse roimhe sin sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is cuí. Ní mhaoinítear Oifig an Rialálaí maidir leis na teidlíochtaí sochair sin. Ní dócha go mbeidh oibleagáid ar Oifig an Rialálaí acmhainní a aistriú ina gcuimsítear sochair eacnamaíocha (seachas gnáth-ranníocaíochtaí fostóirí) le haghaidh sochair atá iníoctha le baill. Ní mheastar go n-eascróidh riosca achtúireach agus riosca infheistíochta d'Oifig an Rialálaí.

# Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Mar thoradh air sin, ní mheastar go bhfuil na ceanglais i FRS 102 maidir le pleananna sochair shainithe le cur i bhfeidhm agus ní mheastar go bhfuil aon nochtadh breise riachtanach.

Gearradh ranníocaíochtaí fostóirí de € 89,288 (2016: € 87,732) maidir le baill na Scéime neamh-Aonair agus baill na Scéime Aonair a ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe sa bhliain.

## 10. Tuilleamh Coinnithe Carntha

| | **2017** **€** |
|---|---|
| Ag tús na bliana | 1,351,136 |
| Barrachas don bhliain | 534,995 |
| Tuilleamh coinnithe ag deireadh na bliana | 1,886,131 |

## 11. Tiomantais Chaipitil

Ní raibh aon tiomantas ann maidir le caiteachas caipitil amhail 31 Nollaig 2017.

## 12. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta na ráitis airgeadais an 15 Meitheamh 2018.

# 3. Ciste An Chrannchuir Náisiúnta

## Ráitis Airgeadais 2017

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta
# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Tuairim ar ráitis airgeadais**

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta arna ullmhú ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 faoi alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais cuntas fáltas agus íocaíochtaí, an cuntas cúltaca agus na nótaí gaolmhara.

Is é mo thuairim go léiríonn na ráitis airgeadais i gceart

- na híocaíochtaí isteach agus amach as Ciste an Chrannchuir Náisiúnta do 2017, agus
- iarmhéid an Chiste an 31 Nollaig 2017.

**Bunús na tuairime**

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAs) mar a d'fhógair Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchta Uachtaraigh. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ó Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitice eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchta a fuaireamar agus tá sé cuí chun bunús do mo thuairim a sholáthar.

**Tuairisc ar ráiteas maidir le rialú inmheánach agus ar nithe eile**

Chuir Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ráiteas maidir le rialú inmheánach i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí a thuairisciú maidir leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar ábhair áirithe eile a thuairiscím trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis seo.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**Dáta** 20 Meitheamh 2018

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta
# Aguisín le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Freagrachtaí Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (an Rialálaí)**

Sa ráiteas ar rialachas agus sa ráiteas maidir le freagrachtaí, leagtar amach freagrachtaí an Rialálaí maidir leis na ráitis airgeadais. Is iad seo

- na ráiteas airgeadais a ullmhú de réir mar a éilítear le halt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013
- ag cinntiú go gcuirfidh na ráitis airgeadais i láthair i gceart gnóthaí Chiste an Chrannchuir Náisiúnta ag deireadh na bliana agus idirbhearta sa bhliain
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- amhail rialú inmheánach a mheasann an Rialálaí a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá sé de dhíth orm faoi alt 44 den Acht 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta agus tuairisciú a dhéanamh orthu agus a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus atá iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is dearbhú ardleibhéil é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míráiteas ábhartha i gcónaí, nuair a bhíonn siad ann, fiú nuair a dhéantar an t-iniúchadh de réir ISAnna. Féadtar míráiteas teacht as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go bhféadtar a mheas go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, déanaim breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus sceipteachas gairmiúil a choinneáil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le mí-thuairisciú ábhartha ar na ráitis airgeadais cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid; dearaim agus déanaim na nósanna imeachta iniúchta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim sách fianaise iniúchta cuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an baol níos airde nach mbraithfí mífhaisnéis as calaois ná mar a bhraithfí mífhaisnéis as earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh thoiliúla, mífhaisnéis, nó maolú de rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht meastachán cuntasaíochta agus nochtadh gaolmhar.

Cuirim in iúl don Rialálaí, i measc nithe eile, raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí iniúchta suntasacha, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

# Ciste an Chrannchuir Náisiúnta Aguisín le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach**

I mo thuairim ar na ráitis airgeadais, ní chuimsítear an ráiteas maidir le rialú inmheánach a chuirtear i láthair leis na ráitis sin agus, ní chuirim in iúl aon chineál de chonclúid dearbhaithe air sin.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orm faoi na ISAanna ná an ráiteas maidir le rialú inmheánach a cuireadh i láthair a léamh agus, atá é sin á dhéanamh againn, breithniú a dhéanamh cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an míluaitear ár n-eolas a fuarthas sna iniúchadh nó a mhalairt. Más rud é go bhfuil, bunaithe ar an obair a rinne mé, tagaim go dtí an tuairim go bhfuil míthuiscint ábhartha den eolas seo, ní mór dom an fíoras sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar nithe eile**

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má bhíonn ábhair ábhartha i gceist maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Iarraim ar fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím má bhíonn aon chás ábhartha ann mura bhíonn airgead poiblí curtha i bhfeidhm maidir leis na cuspóirí atá beartaithe nó i gcás nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin de réir eisceacht más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach ionas go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ciste An Chrannchuir Náisiúnta Ráiteas Ar Rialú Inmheánach

## Raon feidhme Freagrachta

Admhaím m'fhreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i ndáil le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta. Tugann an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh, mar a bhaineann sé le hOifig an Rialálaí agus le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go bhfuil na sócmhainní faoi chosaint, agus go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar nó go mbraitear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, faoin treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm do Chiste an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Cumas maidir le Riosca a Láimhseáil

Bunaítear Ciste an Chrannchuir Náisiúnta faoi alt 8 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986 agus tá sé á bhainistiú agus á rialú ag an Rialálaí.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaigh bunaithe ag Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhfuil acmhainní leordhóthanach aici agus tugann sí faoi chlár oibre arna gcomhaontú liom, maidir le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag Oifig an Rialálaí ina leagtar amach an t-inghlactha riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá an polasaí eisithe ar an bhfoireann go léir a bhfuiltear ag súil go mbeidís ag obair laistigh de pholasaí bainistíochta Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta, chun bainistíocht a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta maidir le Ciste an Chrannchuir Náisiúnta, a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin a mhaolú, a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm, lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair Ciste an Chrannchuir Náisiúnta agus aithníodh na rioscaí sin, rinneadh meastóireacht orthu agus tugadh grád dóibh de réir a dtábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú trí huaire sa bhliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

# Ciste An Chrannchuir Náisiúnta Ráiteas Ar Rialú Inmheánach

Ar an gclár riosca tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus chun freagrachtaí as rialuithe a shannadh don fhoireann ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh doiciméadú de na nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó ar fad,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a áirithiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- struchtúr eagraíochta le nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe;
- teorainneacha údaraithe, deighilt dualgas agus údaráis tarmligthe chun idirbhearta Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a cheadú agus a phróiseáil;
- córas chun taifeadadh agus athmhuintearas na n-idirbheart uile a éascú agus chun rian iniúchta iomlán a sholáthar maidir le hidirbhearta a dhéantar a phróiseáil;
- próisis chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí: -
    - nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasaim a bheith inghlactha
    - measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta
    - measúnú a dhéanamh ar chumas na hOifige na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- monatóireacht seachtainiúil agus réiteach na méideanna a phróiseáiltear i gCiste Náisiúnta an Chrannchuir;
- sraith polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais;
- nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear obair Iniúchta Inmheánaigh agus athbhreithnithe bainistíochta.

# Ciste An Chrannchuir Náisiúnta
# Ráiteas Ar Rialú Inmheánach

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta e chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht nósanna imeachta agus rialaithe um bainistíocht riosca de chuid Chiste an Chrannchuir Náisiúnta. Tá monatóireacht agus athbhreithniú Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh d'Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearnadh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh i leith 2017 agus críochnaíodh é faoin 31 Márta 2018.

## Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2017 lena n-éilítear nochtadh sna ráitis airgeadais.

**Carol Boate**
**Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta**

**Dáta** 15 Meitheamh 2018

# Ciste An Chrannchuir Náisiúnta Ráiteas Ar Rialachas Agus Ráiteas Ar Fhreagrachtaí An Rialálaí

## Rialachas

Bunaítear Ciste an Chrannchuir Náisiúnta faoi alt 8 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986 agus leanann sé de réir alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013. Tá cuntas bainc amháin ag an gCiste, atá i mBanc Ceannais na hÉireann. Níl aon fhostaithe ná stiúrthóirí ag an gCiste.

## Freagrachtaí an Rialálaí

Tá freagrachtaí an Rialálaí i leith an Chiste leagtha amach san Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013. Faoi halt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, bainistíonn an agus déanann an Rialálaí rialuithe ar an gCiste. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an Rialálaí cuntais an Chiste a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gach bliain le hiniúchadh agus le haghaidh cóip d'achomaireacht de na cuntais a iniúchadh amhlaidh agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá le cur i láthair do gach Teach den Oireachtas.

## Athrú i ar Shealbhóir Oifige an Rialálaí

Ceapadh an chéad Rialálaí, Liam Sloyan, an 17 Samhain 2014 agus d'éirigh sé as an 3 Bealtaine 2017. Ceapadh mé mar Rialálaí don Chrannchur Náisiúnta an 9 Deireadh Fómhair 2017. Thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi fheidhmeanna an Rialálaí le linn na tréimhse nuair a bhí an seasamh folamh, de réir Alt 8 den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013.



**Carol Boate**
**Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta**

**Dáta** 15 Meitheamh 2018

# Ciste An Chrannchuir Náisiúnta
# Ráiteas Maidir Le Fáltais Agus Íocaíochtaí Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2017

| | | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Faighte ón oibreoir | 4 | | 497,777 | | 462,451 |
| **Iúide:** | | | | | |
| Íoctha leis an oibreoir i leith: | 5 | | | | |
| Teidlíocht | | 195,413 | | 180,045 | |
| Oibreora Duaise | | 74,122 | 269,535 | 68,961 | 249,006 |
| | | | 228,242 | | 213,445 |
| **Iúide:** | | | | | |
| Íoctha leis an Rialálaí i leith Tobhaigh an Rialálaí | 9 | | 1,491 | | 2,426 |
| | | | 226,751 | | 211,019 |
| Ús Infheistíochta a Fuarthas / (Íoctha) | 6 | | (112) | | (202) |
| | | | 226,639 | | 210,817 |
| Aistrithe chuig an bPríomh-Chiste | 7 | | (226,751) | | (218,957) |
| Méadú / (Laghdú) in Infheistíocht a aistríodh chuig / (ó) Cúlchiste | | | (112) | | (8,140) |

| **CUNTAS CÚLCHISTE** | | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ar thaisce an 1 Eanáir | | 34,124 | 42,264 |
| Méadú / (Laghdú) in infheistíocht | | (112) | (8,140) |
| Iarmhéid ar thaisce an 31 Nollaig | 6 | 34,012 | 34,124 |
| **Iúide:** | | | |
| Iarmhéid choinnithe i leith duaiseanna stairiúla caite | 8 | (16,092) | (16,092) |
| Dliteanas i leith Tobhaigh an Rialálaí | 9 | (90) | (86) |
| Iarmhéid ar fáil le dáileadh tríd an bPríomh-Chiste | 7 | 17,830 | 17,946 |

Tá na nótaí ar leathanaigh 1 go 12 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Carol Boate

**Carol Boate**
**Rialálaí An Chrannchuir Náisiúnta**

**Dáta** 15 Meitheamh 2018

# Ciste An Chrannchuir Náisiúnta
# Nótaí Leis Na Cuntais

## 1. An Chrannchur Náisiúnta

Leanann an Crannchur Náisiúnta, a bunaíodh i 1986, ar aghaidh de réir Acht an Chrannchuir Náisiúnta 2013 ("an tAcht"). Ar 30 Samhain 2014, thosaigh Premier Lotteries Ireland Limited ("PLI"), cuideachta cláraithe Éireannach, mar oibreoir faoi cheadúnas ("an Ceadúnas") ar feadh 20 bliain a dheonaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an 27 Feabhra 2014.

## 2. Ciste an Chrannchuir Náisiúnta

Leanann Ciste an Chrannchuir Náisiúnta ("an Ciste"), a bunaíodh faoin Acht um Chrannchur Náisiúnta 1986, de bheith i bhfeidhm de bhua Alt 44 den Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013. Faoi hAlt 7 den Acht, cheap an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta agus de réir Alt 44 den Acht, bainistíonn agus rialaíonn an Rialálaí an Ciste.

Faigheann an Ciste fáltais ón gCrannchur Náisiúnta ón oibreoir agus íocann sé méideanna i leith duaiseanna, tobhach bliantúil an Rialálaí agus teidlíochtaí na n-oibreoirí faoin gCeadúnas. Aistríonn an Rialálaí cistí, ag eatraimh arna gcinneadh ag an Aire, chuig an Státchiste (tar éis soláthar iomchuí do dhliteanais ionchasacha nó teagmhasacha) chun iad a chur i bhfeidhm le haghaidh na gcríoch atá leagtha amach san Acht. Déantar na méideanna atá dlite do Dhea-Chúiseanna a ríomh mar atá leagtha amach san Acht agus sa Cheadúnas mar 65% den ioncam iomlán cluichíochta.

De réir chlásal 6.2 den Cheadúnas, oibríonn an Rialálaí cuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta i mBanc Ceannais na hÉireann.

## 3. Cuntais an Chiste

Sna cuntais, mionshonraítear na méideanna a íocadh isteach sa Chiste agus ag an gCiste i rith na bliana atá faoi athbhreithniú mar aon le hanailís ar an t-iarmhéid a choinnítear ag deireadh na bliana. Faoi hAlt 44 d'Acht um Chrannchur Náisiúnta 2013, ceanglaítear go ndéanfaí Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu chomh maith le cóip d'achomaireacht de na cuntais agus tá cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in éineacht leis seo le cur i láthair ag an Rialálaí do gach Teach den Oireachtas.

## 4. Méideanna a fuarthas ón oibreoir

De réir mar a cheanglaítear leis an Acht tá na méideanna a fuarthas ón oibreoir comhdhéanta d'fháltais na ndíolachán ticéad lúide luach saothair na miondíoltóirí agus duaiseanna beaga.

B'ionann na méideanna a fuarthas ón oibreoir agus €498 milliún i 2017 (2016: €462 milliún). Tá an méadú ar mhéideanna a fuarthas comhsheasmhach le méadú ar leibhéal na ndíolachán de tháirgí Crannchuir ag PLI do 2017.

## 5. Méideanna a íocadh leis an oibreoir

B'ionann na méideanna a íocadh leis an oibreoir agus €269 milliún i 2017 (2016: € 249 milliún), agus € 195 milliún i leith íocaíochtaí duaiseanna (2016: € 180 milliún) agus € 74 milliún i leith teidlíocht an oibreora (2016: €69 milliún).

Ríomhtar íocaíochtaí leis an oibreoir i leith teidlíochta an oibreora bunaithe ar théarmaí an Cheadúnais.

# Ciste An Chrannchuir Náisiúnta
# Nótaí Leis Na Cuntais

## 6. Infheistíochtaí an Chiste

Coinnítear airgead uile an Chiste i gcuntas taisce a choimeádtar ag Banc Ceannais na hÉireann. Gearradh ús diúltach ar an gcuntas seo ó Mheitheamh 2014. Tá sé seo mar gheall ar Chinneadh ECB (CE / 2014/23) a bhaineann le luach saothair taiscí, iarmhéideanna agus gabháltais de chúlchistí iomarcacha, a chuireann isteach ar luach saothair taiscí rialtais ag Bainc Cheannais Náisiúnta. Ríomhtar ús ar bhonn laethúil agus íoctar é dhá uair sa bhliain. B'ionann an t-ús fabhraithe measta agus gan íoc ag an gCiste ag deireadh na bliana agus €168,673.

## 7. Aistrithe chuig an bPríomh-Chiste

Tar éis soláthar do dhliteanais reatha an Chiste agus d'aon dliteanais ionchasacha nó teagmhasacha, déanann an Rialálaí cistí a aistriú i rith na bliana, ag eatraimh a chinnfidh an tAire, ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an bPríomh-Chiste. Is é an tOireachtas a chaitheann an vóta maidir le leithdháileadh airgid an Phríomh-Chiste tríd an bpróiseas bliantúil Meastachán agus eisítear airgead i gcaitheamh na bliana agus déantar cuntas orthu sna Cuntais Leithreasa.

## 8. Iarmhéid choinnithe i leith duaiseanna stairiúla caite

Amhail an 31 Nollaig 2017, leantar le méid de € 16.092 milliún a aithint mar shrian ar na cistí atá ar fáil lena leithdháileadh. Tá an méid seo i leith na nduaiseanna atá imithe in éag a d'eascair faoin gceadúnas roimhe seo le Cuideachta an Chrannchuir Náisiúnta de chuid An Post. Toisc go mbaineann sé seo le duaiseanna atá imithe in éag ag an aistriú chuig an gCeadúnas níor tháinig aon mhéadú ar an méid seo.

Tá infhaighteacht na gcistí seo le dáileadh srianta go dtí go ndéanfar cinneadh ar an dliteanas maidir leis an méid seo. Tá an cinneadh faoi réir comhairliúcháin leanúnaigh idir an Rialálaí agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an PLI.

Úsáideann PLI na duaiseanna neamh-éilithe atá imithe in éag faoin gCeadúnas le haghaidh gníomhaíochtaí cur chun cinn an Chrannchuir Náisiúnta de réir chlásal 6.9 den Cheadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú.

## 9. Dliteanas i leith Tobhaigh an Rialálaí

De réir Acht an Chrannchuir Náisiúnta 2013, foráiltear sa Cheadúnas go ndéanfar Tobhach Bliantúil a íocann an PLI leis an Rialálaí chun caiteachais a thabhaigh an Rialálaí a íoc. Déantar suimeanna den sórt sin a asbhaint ó íocaíochtaí le PLI agus coinnítear iad sa Chiste chun an Rialálaí a íoc. Is ionann an méid atá dlite don Rialálaí an 31 Nollaig 2017 agus €90,130.

## 10. Glan-iarmhéid idir Premier Lotteries Ireland Limited ("PLI") agus an Ciste

Tiosc go gcuirtear na Cuntais i láthair ar bhonn fáltais agus íocaíochtaí, ní dhéantar aon fhoráil maidir le haon iarmhéid idir PLI agus an Ciste amhail 31 Nollaig 2017. Tá cinneadh maidir le haon mhéid den sórt sin faoi réir plé leanúnaigh idir an Rialálaí le PLI agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déanfar réiteach d'aon mhéideanna den sórt sin nuair a dhéanfar cinneadh air.

# Ciste An Chrannchuir Náisiúnta
# Nótaí Leis Na Cuntais

## 11. Táille iniúchta

Is í Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta a íocann an táille iniúchta. Is ionann € 5,000 an táille iniúchta do 2017.

## 12. Faomhadh an Chuntas de Chiste an Chrannchuir Náisiúnta

D'fhaomh an Rialálaí Cuntas de Chiste an Chrannchuir Náisiúnta i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2017 an 15 Meitheamh 2018.

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta
Regulator of the National Lottery

Block D,
Irish Life Centre,
Lower Abbey Street
Dublin 1
D01 W2H4

Tel: +353 (1) 872 7932
Email: info@rnl.ie
Url: www.rnl.ie